**Parlaimint na hEorpa**
2019-2024

*An Coiste um Chultúr agus um Oideachas*

**2021/0106(COD)**

16.6.2022

# TUAIRIM

ón gCoiste um Chultúr agus um Oideachas

chuig an gCoiste um an Margadh Inmheánach agus um Chosaint an Tomhaltóra agus chuig an gCoiste um Shaoirsí Sibhialta, um Cheartas agus um Ghnóthaí Baile

maidir leis an togra le haghaidh rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leagtar síos rialacha comhchuibhithe maidir leis an intleacht shaorga (Gníomh um an Intleacht Shaorga) agus lena leasaítear Gníomhartha Reachtacha áirithe de chuid an Aontais
(COM(2021)0206 – C9-0146/2021 – 2021/0106(COD))

Rapporteur for opinion (*): Marcel Kolaja

(*) Coiste comhlachaithe – Riail 57 de na Rialacha Nós Imeachta

PA_Legam

## RÉASÚNÚ GEARR

An 24 Aibreán 2021, d'fhoilsigh an Coimisiún Eorpach an togra reachtach uaidh lena leagtar síos rialacha comhchuibhithe maidir leis an intleacht shaorga (an Gníomh um an Intleacht Shaorga), lena dtugtar creat rialála isteach a bhfuil sé mar aidhm leis a chinntiú go bhfuil córais intleachta saorga a chuirtear ar mhargadh an Aontais Eorpaigh sábháilte lena n-úsáid agus go gcomhlíonann siad cearta bunúsacha agus luachanna an Aontais Eorpaigh.

Thairis sin, éascaíonn an togra forbairt margaidh aonair le haghaidh feidhmchláir intleachta saorga atá dleathach, sábháilte agus iontaofa, cuireann sé feabhas ar rialachas agus forfheidhmiú éifeachtach an dlí atá ann cheana maidir leis na cearta bunúsacha agus ceanglais sábháilteachta is infheidhme maidir le córais intleachta saorga agus cinntíonn sé deimhneacht dhlíthiúil chun infheistíocht agus nuálaíocht san intleacht shaorga a éascú.

Ar an iomlán, is geal leis an Rapóirtéir an togra ón gCoimisiún Eorpach. Ba mhaith leis, áfach, roinnt leasuithe a mholadh, go príomha chun cur leis an liosta d'fheidhmchláir ardriosca intleachta saorga i réimsí an oideachais, na meán agus an chultúir faoi Iarscríbhinn III agus chun forálacha áirithe a bhaineann le cleachtais a bhfuil toirmeasc orthu faoi Airteagal 5 a athrú.

Go sonrach, tá a mhachnamh déanta ag an Rapóirtéir ar an méadú atá tagtha ar úsáid theicneolaíochtaí na hintleachta saorga i saoráidí oideachais agus oiliúna. Dá bhrí sin, molann sé go liostófaí, i measc na dteicneolaíochtaí ardriosca, na teicneolaíochtaí intleachta saorga sin a úsáidtear chun faireachán a dhéanamh ar mhic léinn le linn scrúduithe agus na teicneolaíochtaí a úsáidtear chun an réimse nó an clár ar cheart do mhac léinn staidéar a dhéanamh air a chinneadh. Maidir leis na meáin agus an cultúr, molann an Rapóirtéir go liostófaí na teicneolaíochtaí intleachta saorga ardriosca a úsáidtear chun ailt nuachta mheaisínghinte a chruthú nó a scaipeadh, ar ailt iad a mbaineann na meáin nuachta agus teicneolaíochtaí intleachta saorga úsáid astu chun ábhar closamhairc a mholadh nó a rangú.

Sa bhreis air sin, molann an Rapóirtéir go leathnófaí an toirmeasc ar úsáid na gcóras scórála sóisialta go dtí an úsáid a bhainfeadh eintitis phoiblí agus phríobháideacha astu i bhfianaise an bhaoil go ndéanfaí idirdhealú ar ghrúpaí nó daoine aonair áirithe nó go ndéanfaí iad a eisiamh.

Ar deireadh, ós rud é go bhfuil contúirt ag baint le córais cian-sainaitheanta bithmhéadraí a bheith á n-imlonnú in áiteanna a bhfuil rochtain phoiblí orthu do chearta bunúsacha na saoránach, don tsaoirse tionóil, d'obair iriseoirí iniúchta, gníomhaithe agus ionadaithe polaitiúla, molann an Rapóirtéir go gcuirfí toirmeasc ar imlonnú na dteicneolaíochtaí sin in áiteanna a bhfuil rochtain phoiblí orthu i ndiaidh rún ó Pharlaimint na hEorpa an 6 Deireadh Fómhair 2021 maidir leis an intleacht shaorga sa dlí coiriúil agus a húsáid ag údaráis phóilíneachta agus bhreithiúnacha in ábhair choiriúla.

## LEASUITHE

Iarrann an Coiste um Chultúr agus um Oideachas ar an gCoiste um an Margadh Inmheánach agus um Chosaint an Tomhaltóra agus ar an gCoiste um Shaoirsí Sibhialta, um Cheartas agus um Ghnóthaí Baile, mar na coistí atá freagrach, na leasuithe seo a leanas a chur san áireamh:

**Leasú 1**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 1**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (1) Is é is cuspóir don Rialachán seo feidhmiú an mhargaidh inmheánaigh a fheabhsú trí chreat dlíthiúil aonfhoirmeach a leagan síos go háirithe maidir le forbairt, margú agus úsáid na hintleachta saorga i gcomhréir le luachanna an Aontais. Leis an Rialachán seo, déantar roinnt cúiseanna sáraitheacha a bhaineann le leas an phobail a shaothrú, amhail ardleibhéal cosanta maidir le sláinte, sábháilteacht agus cearta bunúsacha, agus áirithítear leis saorghluaiseacht trasteorann earraí agus seirbhísí IS-bhunaithe, rud a chuireann cosc ar na Ballstáit srianta a fhorchur ar fhorbairt, margú agus úsáid córas intleachta saorga, ach amháin i gcás údarú sainráite ag an Rialachán seo. | (1) Is é is cuspóir don Rialachán seo feidhmiú an mhargaidh inmheánaigh a fheabhsú trí chreat dlíthiúil aonfhoirmeach***, bunaithe ar phrionsabail eiticiúla,*** a leagan síos go háirithe maidir le forbairt, margú agus úsáid na hintleachta saorga i gcomhréir le luachanna an Aontais***, agus aon bhaol go n-imreofaí tionchar díobhálach agus idirdhealaitheach ar dhaoine á íoslaghdú agus gan bac a bheith á chur ar an nuálaíocht san am céanna***. Leis an Rialachán seo, déantar roinnt cúiseanna sáraitheacha a bhaineann le leas an phobail a shaothrú, amhail ardleibhéal cosanta maidir le sláinte, sábháilteacht agus cearta bunúsacha, ***an daonlathas, an smachta reachta*** agus ***an comhshaol, agus*** áirithítear leis saorghluaiseacht trasteorann earraí agus seirbhísí IS-bhunaithe, rud a chuireann cosc ar na Ballstáit srianta a fhorchur ar fhorbairt, margú agus úsáid córas intleachta saorga, ach amháin i gcás údarú sainráite ag an Rialachán seo. |

**Leasú 2**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 2**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (2) Is féidir córais intleachta saorga (córais IS) a úsáid go héasca in earnálacha éagsúla an gheilleagair agus na sochaí, lena n-áirítear ar bhonn trasteorann, agus a bheith i gcúrsaíocht ar fud an Aontais. Tá fiosruithe déanta ag Ballstáit áirithe cheana | (2) Is féidir córais intleachta saorga (córais IS) a úsáid go héasca in earnálacha éagsúla an gheilleagair agus na sochaí, lena n-áirítear ar bhonn trasteorann, agus a bheith i gcúrsaíocht ar fud an Aontais. Tá fiosruithe déanta ag Ballstáit áirithe cheana |

| | |
|---|---|
| féin maidir le rialacha náisiúnta a ghlacadh chun a áirithiú go bhfuil an intleacht shaorga sábháilte agus go bhforbraítear agus go n-úsáidtear í i gcomhréir le hoibleagáidí i ndáil le cearta bunúsacha. Ilroinnt an mhargaidh inmheánaigh agus laghdú ar an deimhneacht dhlíthiúil le haghaidh oibreoirí a fhorbraíonn nó a úsáideann córais intleachta saorga, sin a d'fhéadfadh a bheith mar thoradh ar rialacha náisiúnta éagsúla a bheith ann. Ba cheart, dá bhrí sin, ardleibhéal comhsheasmhach cosanta a áirithiú, agus dibhéirseachtaí a chuireann isteach ar shaorghluaiseacht ***córas*** intleachta saorga laistigh den mhargadh inmheánach, mar aon leis na táirgí agus na seirbhísí a bhaineann leo, a chosc trí oibleagáidí aonfhoirmeacha le haghaidh oibreoirí a leagan síos agus trí chosaint aonfhoirmeach cúiseanna sáraitheacha a ráthú a bhaineann le leas an phobail agus cosaint daoine ar fud an mhargaidh inmheánaigh de réir Airteagal 114 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE). Sa mhéid go bhfuil rialacha sonracha sa Rialachán seo maidir le cosaint daoine aonair i dtaca le próiseáil sonraí pearsanta a bhaineann le srianta ar úsáid córas intleachta saorga le haghaidh cian-sainaithint bhithmhéadrach 'fíor-ama' i spásanna a bhfuil rochtain ag an bpobal orthu chun críoch fhorfheidhmiú an dlí, is iomchuí an Rialachán seo a bhunú ar Airteagal 16 de CFAE a mhéid a bhaineann leis na rialacha sonracha sin. I bhfianaise na rialacha sonracha sin agus iontaoibh Airteagal 16 de CFAE, is iomchuí dul i gcomhairle leis an mBord Eorpach um Chosaint Sonraí. | féin maidir le rialacha náisiúnta a ghlacadh chun a áirithiú go bhfuil an intleacht shaorga ***iontaofa agus*** sábháilte agus go bhforbraítear agus go n-úsáidtear í i gcomhréir le hoibleagáidí i ndáil le cearta bunúsacha. Ilroinnt an mhargaidh inmheánaigh agus laghdú ar an deimhneacht dhlíthiúil le haghaidh oibreoirí a fhorbraíonn nó a úsáideann córais intleachta saorga, sin a d'fhéadfadh a bheith mar thoradh ar rialacha náisiúnta éagsúla a bheith ann. Ba cheart, dá bhrí sin, ardleibhéal comhsheasmhach cosanta a áirithiú ***ar fud an Aontais chun intleacht shaorga iontaofa a bhaint amach***, agus dibhéirseachtaí a chuireann isteach ar shaorghluaiseacht***, nuálaíocht, imlonnú agus glacadh na gcóras*** intleachta saorga laistigh den mhargadh inmheánach, mar aon leis na táirgí agus na seirbhísí a bhaineann leo, a chosc trí oibleagáidí aonfhoirmeacha le haghaidh oibreoirí a leagan síos agus trí chosaint aonfhoirmeach cúiseanna sáraitheacha a ráthú a bhaineann le leas an phobail agus cosaint daoine ar fud an mhargaidh inmheánaigh de réir Airteagal 114 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE). Sa mhéid go bhfuil rialacha sonracha sa Rialachán seo maidir le cosaint daoine aonair i dtaca le próiseáil sonraí pearsanta a bhaineann le srianta ar úsáid córas intleachta saorga le haghaidh cian-sainaithint bhithmhéadrach 'fíor-ama' i spásanna a bhfuil rochtain ag an bpobal orthu chun críoch fhorfheidhmiú an dlí, is iomchuí an Rialachán seo a bhunú ar Airteagal 16 de CFAE a mhéid a bhaineann leis na rialacha sonracha sin. I bhfianaise na rialacha sonracha sin agus iontaoibh Airteagal 16 de CFAE, is iomchuí dul i gcomhairle leis an mBord Eorpach um Chosaint Sonraí. |

**Leasú 3**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 3**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (3) Grúpa teicneolaíochtaí atá san intleacht shaorga, atá ag athrú go tapa agus lenar féidir cur le réimse leathan tairbhí eacnamaíocha agus sochaíocha sa raon iomlán earnálacha agus gníomhaíochtaí sóisialta trí chéile. Trí fheabhas a chur ar an tuar, oibríochtaí optamúcháin agus leithdháileadh acmhainní agus réitigh dhigiteacha atá ar fáil le haghaidh daoine aonair agus eagraíochtaí a phearsantú, le húsáid na hintleachta saorga, féadfar príomhbhuntáistí iomaíocha a sholáthar do chuideachtaí agus tacú le torthaí atá chun tairbhe an chomhshaoil agus na sochaí, mar shampla, maidir le cúram sláinte, feirmeoireacht, oideachas agus oiliúint, bainistíocht bonneagair, fuinneamh, iompar agus lóistíocht, seirbhísí poiblí, slándáil, ceartas, éifeachtúlacht acmhainní agus fuinnimh, maolú ar an athrú aeráide agus oiriúnú don athrú aeráide. | (3) Grúpa teicneolaíochtaí atá san intleacht shaorga, atá ag athrú go tapa agus lenar féidir cur le réimse leathan tairbhí eacnamaíocha agus sochaíocha sa raon iomlán earnálacha agus gníomhaíochtaí sóisialta trí chéile***, agus atá ag cur leis sin cheana féin, má fhorbraítear í i gcomhréir le prionsabail eiticiúla***. Trí fheabhas a chur ar an tuar, oibríochtaí optamúcháin agus leithdháileadh acmhainní agus réitigh dhigiteacha atá ar fáil le haghaidh daoine aonair agus eagraíochtaí a phearsantú, le húsáid na hintleachta saorga, féadfar príomhbhuntáistí iomaíocha a sholáthar do chuideachtaí agus tacú le torthaí atá chun tairbhe an chomhshaoil agus na sochaí, mar shampla, maidir le cúram sláinte, feirmeoireacht, oideachas agus oiliúint, ***na meáin, cúrsaí spóirt, cultúr,*** bainistíocht bonneagair, fuinneamh, iompar agus lóistíocht, seirbhísí poiblí, slándáil, ceartas, éifeachtúlacht acmhainní agus fuinnimh, maolú ar an athrú aeráide agus oiriúnú don athrú aeráide. |

**Leasú 4**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 4**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (4) Ag an am céanna, ag brath ar na himthosca maidir lena húsáid agus cur i bhfeidhm, d'fhéadfadh rioscaí a bheith ag baint leis an intleacht shaorga agus d'fhéadfadh sí díobháil a dhéanamh do leasanna agus cearta an phobail atá faoi chosaint dhlí an Aontais. D'fhéadfadh an díobháil sin a bheith ábhartha nó neamhábhartha. | (4) Ag an am céanna, ag brath ar na himthosca maidir lena húsáid agus cur i bhfeidhm, d'fhéadfadh rioscaí a bheith ag baint leis an intleacht shaorga agus d'fhéadfadh sí díobháil a dhéanamh do leasanna agus cearta an phobail atá faoi chosaint dhlí an Aontais***, lena n-áirítear cearta bunúsacha oibrithe, daoine atá i mbun foghlama agus daoine a bhíonn rannpháirteach go sóisialta, an ceart chun príobháideachais, cosaint sonraí agus féinchinntiúchán faisnéise, mar aon*** |

***le cearta sochaíocha nó comhshaoil, is cuma más é an duine aonair, an tsochaí nó an comhshaol atá i gceist***. D'fhéadfadh an díobháil sin a bheith ábhartha nó neamhábhartha.

**Leasú 5**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 5**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (5) Dá bhrí sin, tá gá le creat dlíthiúil de chuid an Aontais lena leagtar síos rialacha comhchuibhithe maidir leis an intleacht shaorga chun forbairt, úsáid agus glacadh na hintleachta saorga a chothú sa mhargadh inmheánach agus ag an am céanna ardleibhéal cosanta maidir le leasanna poiblí a bhaint amach, amhail an tsláinte agus an tsábháilteacht agus cosaint na gceart bunúsach, mar a aithnítear agus a chosnaítear faoi dhlí an Aontais. Chun an cuspóir sin a bhaint amach, ba cheart rialacha a leagan síos lena rialaítear cur ar an margadh agus cur i mbun seirbhíse córas intleachta saorga áirithe, agus sa dóigh sin dea-fheidhmiú an mhargaidh inmheánaigh a áirithiú agus ligeann do na córais sin tairbhe a bhaint as prionsabal na saorghluaiseachta earraí agus seirbhísí. Trí na rialacha sin a leagan síos, tacaíonn an Rialachán seo le cuspóir an Aontais a bheith ina cheannródaí domhanda i bhforbairt na hintleachta saorga sláine iontaofa ***eiticiúil***, mar a shonraigh an Chomhairle Eorpach[33], agus áirithítear leis go ***ndéantar*** prionsabail eiticiúla a chosaint, arna iarraidh sin go sonrach ag Parlaimint na hEorpa[34] . | (5) Dá bhrí sin, tá gá le creat dlíthiúil de chuid an Aontais lena leagtar síos rialacha comhchuibhithe maidir leis an intleacht shaorga chun forbairt, úsáid agus glacadh na hintleachta saorga a chothú sa mhargadh inmheánach agus ag an am céanna ardleibhéal cosanta maidir le leasanna poiblí a bhaint amach, amhail an tsláinte agus an tsábháilteacht agus cosaint na gceart bunúsach, mar a aithnítear agus a chosnaítear faoi dhlí an Aontais ***iad, mar aon le cosaint an daonlathais, an smachta reachta agus an chomhshaoil***. Chun an cuspóir sin a bhaint amach, ba cheart rialacha a leagan síos lena rialaítear cur ar an margadh agus cur i mbun seirbhíse córas intleachta saorga áirithe, agus sa dóigh sin dea-fheidhmiú an mhargaidh inmheánaigh a áirithiú agus ligeann do na córais sin tairbhe a bhaint as prionsabal na saorghluaiseachta earraí agus seirbhísí. Trí na rialacha sin a leagan síos, tacaíonn an Rialachán seo le cuspóir an Aontais a bheith ina cheannródaí domhanda i bhforbairt na hintleachta saorga sláine***,*** iontaofa ***agus eiticiúla bunaithe ar na cearta bunúsacha***, mar a shonraigh an Chomhairle Eorpach[33], agus áirithítear leis go ***ndéanfar*** prionsabail eiticiúla a chosaint, arna iarraidh sin go sonrach ag Parlaimint na hEorpa[34]***, trí chur chuige duinelárnach agus i gcomhréir leis an tsaoirse tuairimí a nochtadh, saoirse cainte, saoirse na meán, an t-iolrachas*** |

*agus an éagsúlacht*.

———————

[33] An Chomhairle Eorpach, Cruinniú urghnách den Chomhairle Eorpach (an 1 agus an 2 Deireadh Fómhair 2020), – Conclúidí, EUCO 13/20, 2020, lch. 6.

[34] Rún ó Pharlaimint na hEorpa an 20 Deireadh Fómhair 2020 le moltaí don Choimisiún maidir le creat gnéithe eiticiúla den intleacht shaorga, den róbataic agus de theicneolaíochtaí gaolmhara 2020/2012(INL).

[33] An Chomhairle Eorpach, Cruinniú urghnách den Chomhairle Eorpach (an 1 agus an 2 Deireadh Fómhair 2020), – Conclúidí, EUCO 13/20, 2020, lch. 6.

[34] Rún ó Pharlaimint na hEorpa an 20 Deireadh Fómhair 2020 le moltaí don Choimisiún maidir le creat gnéithe eiticiúla den intleacht shaorga, den róbataic agus de theicneolaíochtaí gaolmhara 2020/2012(INL).

**Leasú 6**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 5 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(5a) Chun cabhrú le forbairt, glacadh agus tuiscint na hintleachta saorga a chur chun cinn, ní mór don Aontas iarracht bhreise a dhéanamh i gcúrsaí oideachais agus oiliúna agus, dá bhrí sin, inter alia, aghaidh a thabhairt ar an easpa gairmithe i réimse na teicneolaíochta faisnéise agus na cumarsáide (TFC) agus an easpa cúrsaí fochéime san intleacht shaorga, ar an easpa oibrithe a bhfuil scileanna digiteacha acu mar aon leis an easpa scileanna digiteacha bunúsacha atá i measc sciar suntasach de dhaonra an Aontais fiú.*** |

**Leasú 7**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 5 b (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(5b) Faoi láthair, tá easpa infheistíochta poiblí agus príobháidí ag*** |

| | |
|---|---|
| | ***baint an bonn d'fhorbairt agus úsáid na gcóras intleachta saorga ar fud an Aontais, go háirithe i gcomparáid le mórgheilleagair thionsclaíocha eile. Ba cheart aird, dreasachtaí agus tacaíocht ar leith a cheapadh chun glacadh na hintleachta saorga a chur chun cinn i measc FBManna, lena n-áirítear iad siúd san oideachas agus in earnálacha agus tionscail an chultúir agus na cruthaitheachta.*** |

**Leasú 8**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 9**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (9) Chun críocha an Rialacháin seo, ba cheart coincheap an spáis a bhfuil rochtain ag an bpobal air a thuiscint mar aon áit fhisiciúil a bhfuil rochtain ag an bpobal uirthi, gan beann ar an áit a bheith faoi úinéireacht phríobháideach nó phoiblí. Dá bhrí sin, ní chumhdaítear leis an gcoincheap áiteanna de chineál príobháideach nach bhfuil rochtain shaor orthu ag tríú páirtithe, lena n-áirítear údaráis forfheidhmithe dlí, ach amháin má tugadh cuireadh nó údarú sonrach do na páirtithe sin, amhail tithe, clubanna príobháideacha, oifigí, stórais agus monarchana. ***Ní chumhdaítear*** spásanna ***ar líne ach oiread, ós rud é nach spásanna fisiciúla iad***. Cé go bhféadfadh coinníollacha áirithe a bheith i bhfeidhm chun spás ar leith a rochtain, amhail ticéid iontrála nó aoisteorainneacha, ní chiallaíonn sin, áfach, nach spás é a bhfuil rochtain ag an bpobal air de réir bhrí an Rialacháin seo. Dá réir sin, i dteannta spásanna poiblí amhail sráideanna, codanna ábhartha d'fhoirgnimh rialtais agus formhór an bhonneagair iompair, is spásanna iad pictiúrlanna, amharclanna, siopaí agus ionaid siopadóireachta a bhfuil rochtain ag an bpobal orthu freisin de | (9) Chun críocha an Rialacháin seo, ba cheart coincheap an spáis a bhfuil rochtain ag an bpobal air a thuiscint mar aon áit fhisiciúil ***nó fhíorúil*** a bhfuil rochtain ag an bpobal uirthi, gan beann ar an áit a bheith faoi úinéireacht phríobháideach nó phoiblí. Dá bhrí sin, ní chumhdaítear leis an gcoincheap áiteanna de chineál príobháideach nach bhfuil rochtain shaor orthu ag tríú páirtithe, lena n-áirítear údaráis forfheidhmithe dlí, ach amháin má tugadh cuireadh nó údarú sonrach do na páirtithe sin, amhail tithe, clubanna príobháideacha, oifigí, stórais agus monarchana***, mar aon le spásanna príobháideacha eile***. ***Ba cheart feidhm a bheith ag an bprionsabal céanna maidir le*** spásanna ***fíorúla cosanta a bhfuil rochtain ag an bpobal orthu***. Cé go bhféadfadh coinníollacha áirithe a bheith i bhfeidhm chun spás ar leith a rochtain, amhail ticéid iontrála nó aoisteorainneacha, ní chiallaíonn sin, áfach, nach spás é a bhfuil rochtain ag an bpobal air de réir bhrí an Rialacháin seo. Dá réir sin, i dteannta spásanna poiblí amhail sráideanna, ***páirceanna, ionaid spóirt,*** codanna ábhartha d'fhoirgnimh rialtais agus formhór an bhonneagair iompair, is |

| | |
|---|---|
| ghnáth. Cé acu atá spás a bhfuil rochtain ag an bpobal air nó nach bhfuil, áfach, ba cheart sin a chinneadh ar bhonn cás ar chás, ag féachaint do shonraíochtaí an cháis aonair faoi chaibidil. | spásanna iad pictiúrlanna, amharclanna, siopaí***, músaeim, leabharlanna, séadchomharthaí, suíomhanna cultúrtha, institiúidí cultúrtha*** agus ionaid siopadóireachta a bhfuil rochtain ag an bpobal orthu freisin de ghnáth. Cé acu atá spás a bhfuil rochtain ag an bpobal air nó nach bhfuil, áfach, ba cheart sin a chinneadh ar bhonn cás ar chás, ag féachaint do shonraíochtaí an cháis aonair faoi chaibidil. |

**Leasú 9**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 13**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (13) Chun ardleibhéal comhsheasmhach cosanta a áirithiú do leasanna poiblí maidir le sláinte, sábháilteacht ***agus*** cearta bunúsacha, ba cheart caighdeáin normatacha choiteanna a bhunú le haghaidh gach ***córas*** intleachta saorga ardriosca. Ba cheart na caighdeáin sin a bheith i gcomhréir leis an gCairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh (an Chairt) agus ba cheart dóibh a bheith neamh-idirdhealaitheach agus i gcomhréir le gealltanais idirnáisiúnta trádála an Aontais. | (13) Chun ardleibhéal comhsheasmhach cosanta a áirithiú do leasanna poiblí maidir le sláinte, sábháilteacht***,*** cearta bunúsacha, ***an daonlathas, an smacht reachta agus an comhshaol,*** ba cheart ***sraith prionsabal eiticiúil agus*** caighdeáin normatacha choiteanna a bhunú le haghaidh gach ***córais*** intleachta saorga ardriosca. Ba cheart na caighdeáin sin a bheith i gcomhréir leis an gCairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh (an Chairt)***, teachtaireacht ón gCoimisiún an 11 Nollaig 2019 dar teideal The European Green Deal [An Comhaontú Glas don Eoraip]*** agus ***Dearbhú Eorpach an 26 Eanáir 2022 maidir le Cearta Digiteacha agus Prionsabail Dhigiteacha le haghaidh na Deacáide Digití agus*** ba cheart dóibh a bheith neamh-idirdhealaitheach agus i gcomhréir le gealltanais idirnáisiúnta trádála an Aontais. |

**Leasú 10**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 14 b (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(14b) Tagraíonn litearthacht intleachta saorga (IS) do na scileanna, don eolas agus don tuiscint a chuireann ar chumas na saoránach agus na n-oibreoirí araon i gcomhthéacs na n-oibleagáidí a leagtar amach sa Rialachán seo córais intleachta saorga a imlonnú agus a úsáid ar bhealach eolach agus eolas a chur ar na deiseanna agus na rioscaí a bhaineann leis an intleacht shaorga agus, ar an gcaoi sin, a rialú daonlathach a chur chun cinn. Níor cheart do litearthacht IS a bheith teoranta don fhoghlaim faoi uirlisí agus teicneolaíochtaí, ach ba cheart é a bheith mar aidhm léi freisin na scileanna smaointeoireachta criticiúla atá riachtanach chun úsáid dhíobhálach nó cúbláil a shainaithint a thabhairt do na saoránaigh agus na hoibreoirí i gcomhthéacs na n-oibleagáidí a leagtar amach sa Rialachán seo, agus feabhas a chur ar a ngníomhaíocht agus ar a gcumas cloí go hiomlán le hintleacht shaorga atá iontaofa agus leas a bhaint aisti. Dá bhrí sin, is gá go ndéanfadh an Coimisiún, na Ballstáit agus oibreoirí na gcóras intleachta saorga, i gcomhar leis na geallsealbhóirí ábhartha go léir, forbairt na litearthachta IS a chur chun cinn i ngach cuid den tsochaí, do shaoránaigh idir shean agus óg, lena n-áirítear mná agus cailíní, agus go gcoinneofaí súil ghéar ar an dul chun cinn a dhéanfaí ina leith sin.*** |

**Leasú 11**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 15**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (15) Cé is moite de na húsáidí tairbhiúla éagsúla a bhaineann leis an intleacht | (15) Cé is moite de na húsáidí tairbhiúla éagsúla a bhaineann leis an intleacht |

| | |
|---|---|
| shaorga, d'fhéadfaí an teicneolaíocht sin a mhí-úsáid freisin agus uirlisí úra cumhachtacha a sholáthar le haghaidh cleachtais ionramhálacha dhúshaothraithe agus cleachtais smachta shóisialta. D'fhéadfadh cleachtais den chineál sin dochar ar leith a dhéanamh agus ba cheart iad a thoirmeasc toisc go dtagann siad salach ar luachanna an Aontais maidir le meas ar dhínit an duine, an tsaoirse, an daonlathas, an comhionannas, an smacht reachta agus cearta bunúsacha an Aontais, lena n-áirítear an ceart chun ***neamh-idirdhealú***, an ceart chun ***cosaint*** sonraí, an ceart chun príobháideachais agus cearta an linbh. | shaorga, d'fhéadfaí an teicneolaíocht sin a mhí-úsáid freisin agus uirlisí úra cumhachtacha a sholáthar le haghaidh cleachtais ionramhálacha dhúshaothraithe agus cleachtais smachta shóisialta. D'fhéadfadh cleachtais den chineál sin dochar ar leith a dhéanamh agus ba cheart iad a thoirmeasc toisc go dtagann siad salach ar luachanna an Aontais maidir le meas ar dhínit an duine, an tsaoirse, an daonlathas, an comhionannas, an smacht reachta agus cearta bunúsacha an Aontais, lena n-áirítear an ceart chun ***neamh-idirdhealaithe***, ***cosaint fostaithe agus oibrithe,*** an ceart chun ***cosanta*** sonraí, an ceart chun príobháideachais***,*** ***comhionannas inscne*** agus cearta an linbh. |

**Leasú 12Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 27**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (27) Níor cheart córais intleachta saorga ardriosca a chur ar mhargadh an Aontais nó a chur i mbun seirbhíse ach amháin má chomhlíonann siad ceanglais shainordaitheacha áirithe. Leis na ceanglais sin, ba cheart a áirithiú, maidir le córais intleachta saorga ardriosca atá ar fáil san Aontas nó a úsáidtear a n-aschur san Aontas ar shlite eile, nach mbeadh rioscaí do-ghlactha ag baint leo do leasanna tábhachtacha poiblí an Aontais mar atá aitheanta agus faoi chosaint ag dlí an Aontais. Ba cheart líon na gcóras intleachta saorga a shainaithnítear mar chórais ardriosca a theorannú dóibh siúd a bhfuil tionchar ***suntasach*** díobhálach acu ar ***an tsláinte, an tsábháilteacht*** agus cearta bunúsacha na ndaoine san Aontas agus leis an teorannú sin laghdaítear aon srian a d'fhéadfadh a bheith ann maidir le trádáil idirnáisiúnta, más ann dó. | (27) Níor cheart córais intleachta saorga ardriosca a chur ar mhargadh an Aontais nó a chur i mbun seirbhíse ach amháin má chomhlíonann siad ceanglais shainordaitheacha áirithe. Leis na ceanglais sin, ba cheart a áirithiú, maidir le córais intleachta saorga ardriosca atá ar fáil san Aontas nó a úsáidtear a n-aschur san Aontas ar shlite eile, nach mbeadh rioscaí do-ghlactha ag baint leo do leasanna tábhachtacha poiblí an Aontais mar atá aitheanta agus faoi chosaint ag dlí an Aontais. Ba cheart líon na gcóras intleachta saorga a shainaithnítear mar chórais ardriosca a theorannú dóibh siúd a bhfuil tionchar díobhálach acu ar ***shláinte, sábháilteacht*** agus cearta bunúsacha na ndaoine san Aontas***,*** agus ***ar an tsochaí agus an comhshaol freisin, agus*** leis an teorannú sin laghdaítear aon srian a d'fhéadfadh a bheith ann maidir le trádáil idirnáisiúnta, más ann dó. |

**Leasú 13**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 28**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
| --- | --- |
| (28) D’fhéadfadh sé go mbeadh torthaí neamhfhabhracha ag córais intleachta saorga ar shláinte agus sábháilteacht daoine, go háirithe i gcás ina n-oibríonn na córais sin mar chomhpháirteanna táirgí. I gcomhréir le cuspóirí reachtaíocht chomhchuibhithe an Aontais, chun saorghluaiseacht táirgí sa mhargadh inmheánach a éascú agus chun a áirithiú nach gcuirfear ach táirgí atá sábháilte agus comhlíontach ar bhealach eile ar an margadh, tá sé tábhachtach go ndéanfar na rioscaí sábháilteachta a sheachaint nó a mhaolú go hiomchuí, ar rioscaí iad a d’fhéadfadh a bheith ann mar gheall ar tháirge ina iomláine de thoradh a chomhpháirteanna digiteacha, lena n-áirítear córais intleachta saorga. Cuir i gcás, róbait uathrialaitheacha a bhfuil a n-uathriail ag dul i méid de réir a chéile, cé acu a bhfuil siad i gcomhthéacs monaraíochta nó cúnaimh phearsanta agus cúraim, ba cheart iad a bheith in ann oibriú agus a bhfeidhmeanna a dhéanamh go sábháilte i dtimpeallachtaí casta. Ar an gcuma chéanna, san earnáil sláinte, áit a bhfuil go leor i ngeall léi maidir le beatha agus sláinte, ba cheart córais diagnóisice agus córais a thacaíonn cinntí daonna, ar córais iad atá ag éirí níos sofaisticiúla, a bheith iontaofa agus cruinn. Tá ábharthacht ar leith ag baint le fairsinge tionchar díobhálach an chórais intleachta saorga ar na cearta bunúsacha atá faoi chosaint ag an gCairt, go háirithe agus córas intleachta saorga á aicmiú mar chóras ardriosca. Áirítear ar na cearta sin an ceart chun dínite daonna, an ceart maidir le meas ar an saol príobháideach agus ar shaol an | (28) D’fhéadfadh sé go mbeadh torthaí neamhfhabhracha ag córais intleachta saorga ar shláinte agus sábháilteacht daoine, go háirithe i gcás ina n-oibríonn na córais sin mar chomhpháirteanna táirgí. I gcomhréir le cuspóirí reachtaíocht chomhchuibhithe an Aontais, chun saorghluaiseacht táirgí sa mhargadh inmheánach a éascú agus chun a áirithiú nach gcuirfear ach táirgí atá sábháilte agus comhlíontach ar bhealach eile ar an margadh, tá sé tábhachtach go ndéanfar na rioscaí sábháilteachta a sheachaint nó a mhaolú go hiomchuí, ar rioscaí iad a d’fhéadfadh a bheith ann mar gheall ar tháirge ina iomláine de thoradh a chomhpháirteanna digiteacha, lena n-áirítear córais intleachta saorga. Cuir i gcás, róbait uathrialaitheacha a bhfuil a n-uathriail ag dul i méid de réir a chéile, cé acu a bhfuil siad i gcomhthéacs monaraíochta nó cúnaimh phearsanta agus cúraim, ba cheart iad a bheith in ann oibriú agus a bhfeidhmeanna a dhéanamh go sábháilte i dtimpeallachtaí casta. Ar an gcuma chéanna, san earnáil sláinte, áit a bhfuil go leor i ngeall léi maidir le beatha agus sláinte, ba cheart córais diagnóisice agus córais a thacaíonn cinntí daonna, ar córais iad atá ag éirí níos sofaisticiúla, a bheith iontaofa agus cruinn. Tá ábharthacht ar leith ag baint le fairsinge tionchar díobhálach an chórais intleachta saorga ar na cearta bunúsacha atá faoi chosaint ag an gCairt, go háirithe agus córas intleachta saorga á aicmiú mar chóras ardriosca. Áirítear ar na cearta sin an ceart chun dínite daonna, an ceart maidir le meas ar an saol príobháideach agus ar shaol an |

teaghlaigh, an ceart ar chosaint sonraí pearsanta, an ceart chun tuairimí a nochtadh agus faisnéis a fháil, an ceart chun saoirse comhthionóil agus comhlachais, an ceart chun ***neamh-idirdhealú***, cearta cosanta tomhaltóirí***,*** cearta oibrithe, cearta daoine faoi mhíchumas, an ceart chun leighis éifeachtaigh agus chun trialach córa, an ceart chun toimhde na neamhchiontachta agus ceart na cosanta, an ceart chun dea-riaracháin. I dteanna na gceart sin, tá sé tábhachtach a chur i dtábhacht go bhfuil cearta sonracha ag leanaí mar a chumhdaítear in Airteagal 24 den Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais agus i gCoinbhinsiún na Náisiún Aontaithe um Chearta an Linbh (a léirmhíníodh tuilleadh i mBarúil Ghinearálta Uimh. 25 ó UNCRC a mhéid a bhaineann leis an timpeallacht dhigiteach), ós rud é go gceanglaítear leis an dá cheann breithniú ar leochaileachtaí na leanaí agus an chosaint agus an cúram is gá a sholáthar ar mhaithe lena ndea-bhail. An ceart chun ardleibhéil cosanta don chomhshaol a chumhdaítear sa Chairt agus a chuirtear chun feidhme i mbeartais an Aontais, ba cheart é a chur san áireamh freisin agus measúnú á dhéanamh ar ***dhéine na díobhála ar*** féidir córas intleachta saorga a dhéanamh, lena n-áirítear i ndáil le sláinte agus sábháilteacht daoine.

teaghlaigh, an ceart ar chosaint sonraí pearsanta, an ceart chun tuairimí a nochtadh agus faisnéis a fháil, an ceart chun saoirse comhthionóil agus comhlachais, an ceart chun ***neamh-idirdhealaithe***, ***an ceart chun oideachais,*** cearta cosanta tomhaltóirí ***agus*** cearta oibrithe***. Ba cheart aird ar leith a thabhairt ar an gcomhionannas inscne***, cearta daoine faoi mhíchumas, an ceart chun leighis éifeachtaigh agus chun trialach córa, an ceart chun toimhde na neamhchiontachta agus ceart na cosanta, an ceart chun dea-riaracháin***, cosaint na gceart maoine intleachtúla agus an éagsúlacht chultúrtha***. I dteanna na gceart sin, tá sé tábhachtach a chur i dtábhacht go bhfuil cearta sonracha ag leanaí mar a chumhdaítear in Airteagal 24 den Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais agus i gCoinbhinsiún na Náisiún Aontaithe um Chearta an Linbh (a léirmhíníodh tuilleadh i mBarúil Ghinearálta Uimh. 25 ó UNCRC a mhéid a bhaineann leis an timpeallacht dhigiteach), ós rud é go gceanglaítear leis an dá cheann breithniú ar leochaileachtaí na leanaí agus an chosaint agus an cúram is gá a sholáthar ar mhaithe lena ndea-bhail. An ceart chun ardleibhéil cosanta don chomhshaol a chumhdaítear sa Chairt agus a chuirtear chun feidhme i mbeartais an Aontais, ba cheart é a chur san áireamh freisin agus measúnú á dhéanamh ar ***an díobháil is*** féidir ***le*** córas intleachta saorga a dhéanamh, lena n-áirítear i ndáil le sláinte agus sábháilteacht daoine ***nó an comhshaol, agus aird á tabhairt ar eastóscadh agus ídiú acmhainní nádúrtha, dramhaíl agus lorg carbóin na gcóras intleachta saorga sin***.

**Leasú 14**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 33**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (33) Maidir le míchruinnis theicniúla i gcórais intleachta saorga atá beartaithe le haghaidh ***cian-sainaithint*** bhithmhéadrach daoine nádúrtha, d'fhéadfadh siad a bheith ina gcúis le torthaí claonta agus éifeachtaí idirdhealaithe. Tá sé sin ábhartha go háirithe a mhéid a bhaineann le haois, bunadh eitneach, gnéas nó míchumais. Dá bhrí sin, ba cheart cianchórais sainaitheanta bithmhéadraí 'fíor-ama' agus 'iar-aimseartha' araon a aicmiú mar chórais ardriosca. I bhfianaise na rioscaí a bhaineann leo, ba cheart an dá chineál ***cianchóras*** sainaitheanta bithmhéadraí a bheith faoi réir ceanglais shonracha maidir le cumais logála agus formhaoirseacht dhaonna. | (33) Maidir le míchruinnis theicniúla i gcórais intleachta saorga atá beartaithe le haghaidh ***sainaithint*** bhithmhéadrach daoine nádúrtha, d'fhéadfadh siad a bheith ina gcúis le torthaí claonta agus éifeachtaí idirdhealaithe. Tá sé sin ábhartha go háirithe a mhéid a bhaineann le haois, bunadh eitneach, gnéas nó míchumais. Dá bhrí sin, ba cheart cianchórais sainaitheanta bithmhéadraí 'fíor-ama' agus 'iar-aimseartha' araon a aicmiú mar chórais ardriosca. I bhfianaise na rioscaí a bhaineann leo, ba cheart an dá chineál ***chóras*** sainaitheanta bithmhéadraí a bheith faoi réir ceanglais shonracha maidir le cumais logála agus formhaoirseacht dhaonna. ***Baineann ardriosca freisin le córais sainaitheanta bithmhéadraí neamhchianda atá beartaithe lena n-úsáid i spásanna a bhfuil rochtain ag an bpobal orthu, in áiteanna oibre agus in institiúidí oideachais agus oiliúna. Ba cheart an t-ardriosca a bhaineann le córais sainaitheanta bithmhéadraí neamhchianda atá beartaithe lena n-úsáid i spásanna a bhfuil rochtain ag an bpobal orthu, in áiteanna oibre agus in institiúidí oideachais agus oiliúna a chinneadh de réir an cháis.*** |

**Leasú 15**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 34 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(34a) Tá sé ríthábhachtach go ndéanfaí córais intleachta saorga a imlonnú san oideachas chun cabhrú le nuachóiriú na gcóras oideachais ina n-iomláine, chun caighdeán an oideachais a mhéadú, as líne agus ar líne araon, agus chun dlús a chur leis an oideachas digiteach, rud a*** |

| | |
|---|---|
| | ***fhágfaidh go mbeidh sé ar fáil do phobal níos leithne. Tá gá níos mó ná riamh leis an oideachas digiteach a fhaigheann cúnamh ón intleacht shaorga, cé nach féidir an fhoghlaim i bpearsa a ionadú, chun an fás sochaíoch agus eacnamaíoch a chur chun cinn, chun an ionchuimsitheacht a chur chun cinn agus chun cur leis an ngnóthachtáil agus an inrochtaineacht san oideachas do dhaoine aonair.*** |

**Leasú 16**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 35**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (35) Córais intleachta saorga a úsáidtear san oideachas nó ***sa ghairmoiliúint***, go sonrach na córais ***maidir le*** cinntí a dhéanamh faoi rochtain nó daoine a chur chuig institiúidí oideachais agus ***gairmoiliúna nó*** meastóireacht a dhéanamh ar scrúduithe daoine mar chuid de réamhchoinníoll nó mar réamhchoinníoll ar a n-oideachas, ba cheart iad a mheas mar chórais ardriosca, ós rud é go ***bhféadfadh siad*** cúrsaí oideachais agus treo gairme duine a chinneadh agus dá bhrí sin difear a dhéanamh dá gcumas a slí bheatha a bhaint amach. Má dheartar nó má úsáidtear iad go míchuí, d'fhéadfadh na córais sin an ceart chun oideachais agus oiliúna chomh maith leis an gceart nach ***ndéantar*** idirdhealú ina n-aghaidh a shárú agus d'***fhéadfadh siad*** patrúin idirdhealaitheacha stairiúla a bhuanú. | (35) Córais intleachta saorga a úsáidtear san oideachas nó ***san oiliúint***, go sonrach na córais ***sin chun*** cinntí a dhéanamh faoi rochtain nó daoine a chur chuig institiúidí oideachais agus ***oiliúna chun*** meastóireacht a dhéanamh ar scrúduithe daoine mar chuid de réamhchoinníoll nó mar réamhchoinníoll ar a n-oideachas ***nó chun na réimsí ar cheart do mhac léinn staidéar a dhéanamh orthu a chinneadh***, ba cheart iad a mheas mar chórais ardriosca, ós rud é go ***bhféadfaidís*** cúrsaí oideachais agus treo gairme duine a chinneadh agus dá bhrí sin difear a dhéanamh dá gcumas a slí bheatha a bhaint amach. Má dheartar***, má fhorbraítear*** nó má úsáidtear iad go míchuí, d'fhéadfadh na córais sin an ceart chun oideachais agus oiliúna chomh maith leis an gceart nach ***ndéanfaí*** idirdhealú ina n-aghaidh a shárú agus d'***fhéadfaidís*** patrúin idirdhealaitheacha stairiúla a bhuanú***, mar shampla, in aghaidh na mban, aoisghrúpaí áirithe, daoine faoi mhíchumas nó daoine de bhunadh ciníoch nó eitneach áirithe nó gnéaschlaonta áirithe***. ***Córais intleachta saorga a úsáidtear chun faireachán a*** |

| | |
|---|---|
| | ***dhéanamh ar iompraíocht agus mothúcháin na mac léinn le linn scrúduithe in institiúidí oideachais agus oiliúna, ba cheart a mheas gur córais ardriosca iad ós rud é go gcuireann siad isteach freisin ar chearta na mac léinn chun príobháideachais agus cosanta sonraí. Níor cheart úsáid na hintleachta saorga chun measúnuithe a sheiceáil, amhail scrúdpháipéir le haghaidh bradaíola, a mheas mar ardriosca.*** |

**Leasú 17**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 36**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (36) Córais intleachta saorga a úsáidtear i ***bhfostaíocht, bainistíocht*** fostaithe agus rochtain ar an bhféinfhostaíocht, go sonrach maidir le daoine a earcú agus a roghnú, maidir le cinntí a dhéanamh i dtaca le hardú céime agus foirceannadh ***agus*** maidir le sannadh cúraimí, ***monatóireacht*** agus meastóireacht a dhéanamh ar dhaoine i gcaidrimh ***chonarthacha*** a bhaineann leis an obair, ba cheart iad a aicmiú mar chórais ardriosca, ós rud é go ***bhféadfadh siad*** mórthionchar a bheith acu ar ***ghairmréime*** agus slite beatha na ndaoine sin amach anseo. Maidir le caidrimh ***chonarthacha*** a bhaineann leis an obair, ba cheart fostaithe agus daoine a sholáthraíonn seirbhísí trí ardáin dá dtagraítear i gClár Oibre an Choimisiúin le haghaidh 2021 a bheith rannpháirteach iontu. Níor cheart na daoine sin a mheas, i bprionsabal, mar úsáideoirí de réir bhrí an Rialacháin seo. Le linn an phróisis earcaíochta agus i dtaca le meastóireacht a dhéanamh ar dhaoine i gcaidrimh ***chonarthacha*** a bhaineann leis an obair, nó ardú céime a thabhairt dóibh nó iad a choinneáil, d'fhéadfadh na córais sin patrúin idirdhealaitheacha stairiúla a bhuanú, mar shampla, in aghaidh na mban, aoisghrúpaí áirithe, daoine faoi mhíchumas | (36) Córais intleachta saorga a úsáidtear ***san fhostaíocht, sa tacaíocht fostaíochta,*** i ***mbainistiú*** fostaithe agus ***sa*** rochtain ar an bhféinfhostaíocht, go sonrach maidir le daoine a earcú agus a roghnú, maidir le cinntí a dhéanamh i dtaca le hardú céime agus foirceannadh***,*** maidir le sannadh cúraimí, ***maidir le faireachán a dhéanamh ar chomhlíonadh rialacha na háite oibre*** agus ***maidir le faireachán agus*** meastóireacht a dhéanamh ar dhaoine i gcaidrimh a bhaineann leis an obair, ba cheart iad a aicmiú mar chórais ardriosca, ós rud é go ***bhféadfaidís*** mórthionchar a bheith acu ar ***na rialacha maidir le sláinte, sábháilteacht*** agus ***slándáil is infheidhme ag an obair agus san áit oibre atá acu agus ar ionchais ghairme agus*** slite beatha na ndaoine sin amach anseo. Maidir le caidrimh a bhaineann leis an obair, ba cheart fostaithe agus daoine a sholáthraíonn seirbhísí trí ardáin dá dtagraítear i gClár Oibre an Choimisiúin le haghaidh 2021 a bheith rannpháirteach iontu. Níor cheart na daoine sin a mheas, i bprionsabal, mar úsáideoirí de réir bhrí an Rialacháin seo. Le linn an phróisis earcaíochta agus i dtaca le meastóireacht a dhéanamh ar dhaoine i gcaidrimh a |

| | |
|---|---|
| nó daoine de bhunadh ciníoch nó eitneach áirithe nó gnéaschlaonta áirithe. Córais intleachta saorga a úsáidtear chun monatóireacht a dhéanamh ar fheidhmíocht agus iompraíocht na ndaoine sin, d'fhéadfadh siad tionchar a bheith acu ar a gcearta chun cosaint sonraí agus príobháideachais. | bhaineann leis an obair, nó ardú céime a thabhairt dóibh nó iad a choinneáil, d'fhéadfadh na córais sin patrúin idirdhealaitheacha stairiúla a bhuanú, mar shampla, in aghaidh na mban, aoisghrúpaí áirithe, daoine faoi mhíchumas nó daoine de bhunadh ciníoch nó eitneach áirithe nó gnéaschlaonta áirithe. Córais intleachta saorga a úsáidtear chun monatóireacht a dhéanamh ar fheidhmíocht agus iompraíocht na ndaoine sin, d'fhéadfadh siad tionchar a bheith acu ar a gcearta chun cosaint sonraí agus príobháideachais. ***I dtaca leis sin, ba cheart feidhm a bheith ag ceanglais shonracha maidir le trédhearcacht, faisnéis agus maoirseacht dhaonna. Ba cheart ceardchumainn agus ionadaithe oibrithe a chur ar an eolas agus ba cheart rochtain a bheith acu ar aon doiciméadacht ábhartha a chruthaítear faoin Rialachán seo le haghaidh córais intleachta saorga ardriosca a mbaintear feidhm nó úsáid astu ina gcuid oibre nó ina n-áit oibre.*** |

**Leasú 18**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 70**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (70) Córais intleachta saorga áirithe ***atá beartaithe*** le ***hidirghníomhú le*** daoine nádúrtha nó ***le hinneachar*** a ghiniúint, d'fhéadfadh siad rioscaí sonracha a chothú maidir le pearsanú nó meabhlaireacht gan beann ar cé acu a bhfuil siad incháilithe mar ardriosca nó nach bhfuil. In imthosca áirithe, ba cheart, dá bhrí sin, úsáid na gcóras sin a bheith faoi réir oibleagáidí sonracha trédhearcachta gan dochar do na ceanglais agus na hoibleagáidí le haghaidh córas intleachta saorga ardriosca. Go sonrach, ba cheart a chur in iúl do dhaoine nádúrtha go bhfuil siad ag idirghníomhú le córas intleachta saorga, ach amháin má tá an méid sin soiléir ó imthosca agus | (70) Córais intleachta saorga áirithe ***a úsáidtear chun idirghníomhú*** le daoine nádúrtha nó ***chun inneachar*** a ghiniúint, d'fhéadfadh siad rioscaí sonracha a chothú maidir le pearsanú nó meabhlaireacht gan beann ar cé acu a bhfuil siad incháilithe mar ardriosca nó nach bhfuil. In imthosca áirithe, ba cheart, dá bhrí sin, úsáid na gcóras sin a bheith faoi réir oibleagáidí sonracha trédhearcachta gan dochar do na ceanglais agus na hoibleagáidí le haghaidh córas intleachta saorga ardriosca. Go sonrach, ba cheart a chur in iúl do dhaoine nádúrtha go bhfuil siad ag idirghníomhú le córas intleachta saorga, ach amháin má tá an méid sin soiléir ó imthosca agus |

| | |
|---|---|
| comhthéacs na húsáide. Thairis sin, ba cheart a chur in iúl do dhaoine nádúrtha nuair atá siad neamhchosanta ar chóras aitheanta mothúcháin nó ar chóras catagóirithe bhithmhéadraigh. Ba cheart an ***fhaisnéis*** agus na fógraí sin a sholáthar i bhformáidí inrochtana ***le haghaidh daoine*** faoi mhíchumas. Thairis sin, maidir le húsáideoirí a úsáideann córas intleachta saorga chun inneachar íomhá, fuaime nó físe a ghiniúint nó a láimhsiú atá an-chosúil le daoine, áiteanna nó imeachtaí atá ann cheana agus a mbeadh an chuma bhréige air do dhuine go bhfuil sé barántúil, ba cheart dóibh a nochtadh gur cruthaíodh nó gur láimhsíodh an t-inneachar go saorga trí aschur na hintleachta saorga a lipéadú dá réir sin agus a thionscnamh saorga a nochtadh. | comhthéacs na húsáide ***nó i gcás inar léir go bhfuil úsáid á baint as an inneachar mar chuid de shaothar cruthaitheach, ealaíne nó ficseanúil cineamatagrafach***. Thairis sin, ba cheart a chur in iúl do dhaoine nádúrtha nuair atá siad neamhchosanta ar chóras aitheanta mothúcháin nó ar chóras catagóirithe bhithmhéadraigh. Ba cheart ***séanadh a bheith ag gabháil leis*** an ***bhfaisnéis*** agus na fógraí sin ***agus ba cheart iad*** a sholáthar i bhformáidí inrochtana ***do leanaí, do dhaoine scothaosta, d'imircigh agus do dhaoine atá*** faoi mhíchumas ***nó a bhfuil leochaileachtaí eile ag gabháil dóibh***. Thairis sin, maidir le húsáideoirí a úsáideann córas intleachta saorga chun inneachar íomhá, fuaime nó físe***, téacsanna nó scripteanna*** a ghiniúint nó a láimhsiú atá an-chosúil le daoine, áiteanna nó imeachtaí atá ann cheana agus a mbeadh an chuma bhréige air do dhuine go bhfuil sé barántúil, ba cheart dóibh a nochtadh ***ar bhealach soiléir*** gur cruthaíodh nó gur láimhsíodh an t-inneachar go saorga trí aschur na hintleachta saorga a lipéadú dá réir sin agus a thionscnamh saorga a nochtadh. |

**Leasú 19**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 73**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (73) Chun an nuálaíocht a chur chun cinn agus a chosaint, tá sé tábhachtach leasanna na soláthraithe ar mhionscála agus úsáideoirí córas intleachta saorga a chur san áireamh go háirithe. I bhfianaise an chuspóra sin, ba cheart do na Ballstáit tionscnaimh a fhorbairt atá dírithe ar na hoibreoirí sin, lena n-áirítear maidir le hardú feasachta agus cumarsáid faisnéise. Thairis sin, cuirfear leasanna sonracha agus riachtanais na soláthraithe ar mhionscála | (73) Chun an nuálaíocht a chur chun cinn agus a chosaint, tá sé tábhachtach leasanna na soláthraithe ar mhionscála agus úsáideoirí córas intleachta saorga a chur san áireamh go háirithe. I bhfianaise an chuspóra sin, ba cheart do na Ballstáit tionscnaimh a fhorbairt atá dírithe ar na hoibreoirí sin, lena n-áirítear maidir le ***litearthacht IS, le*** hardú feasachta agus cumarsáid faisnéise. Thairis sin, cuirfear leasanna sonracha agus riachtanais na |

san áireamh agus táillí measúnaithe comhréireachta á socrú ag na comhlachtaí a dtugtar fógra dóibh. D'fhéadfadh costais suntasach a bheith i gceist le costais aistriúcháin a bhaineann le doiciméadacht shainordaitheach agus cumarsáid leis na húdaráis, le haghaidh soláthraithe agus oibreoirí eile, eadhon iad siúd ar mhionscála. Ba cheart do na Ballstáit a áirithiú, más féidir, maidir leis na teangacha a chinnfidh siad agus a ghlacfaidh siad le doiciméadacht ábhartha na soláthraithe agus cumarsáid leis na soláthraithe inti, gur teanga í ceann amháin de na teangacha sin a bhfuil tuiscint éigin ag an líon is mó úsáideoirí trasteorann is féidir uirthi.

soláthraithe ar mhionscála san áireamh agus táillí measúnaithe comhréireachta á socrú ag na comhlachtaí a dtugtar fógra dóibh. D'fhéadfadh costais suntasach a bheith i gceist le costais aistriúcháin a bhaineann le doiciméadacht shainordaitheach agus cumarsáid leis na húdaráis, le haghaidh soláthraithe agus oibreoirí eile, eadhon iad siúd ar mhionscála. Ba cheart do na Ballstáit a áirithiú, más féidir, maidir leis na teangacha a chinnfidh siad agus a ghlacfaidh siad le doiciméadacht ábhartha na soláthraithe agus cumarsáid leis na soláthraithe inti, gur teanga í ceann amháin de na teangacha sin a bhfuil tuiscint éigin ag an líon is mó úsáideoirí trasteorann is féidir uirthi.

**Leasú 20**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 74**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (74) Chun na rioscaí maidir le cur chun feidhme mar thoradh ar easpa eolais agus saineolais sa mhargadh a íoslaghdú agus chun comhlíontacht na soláthraithe agus na gcomhlachtaí a dtugtar fógra dóibh lena n-oibleagáidí faoin Rialachán seo a éascú, ba cheart don Ardán um Intleacht Shaorga ar éileamh, do na Moil Nuálaíochta Digití Eorpacha agus do na Saoráidí Tástála agus Turgnamhaíochta arna mbunú ag an gCoimisiún agus na Ballstáit ar an leibhéal náisiúnta nó ar leibhéal an Aontais rannchuidiú le cur chun feidhme an Rialacháin seo. Laistigh dá misean agus réimsí inniúlachta faoi seach, féadfaidh siad tacaíocht theicniúil agus eolaíoch go háirithe a thabhairt do sholáthraithe agus comhlachtaí a dtugtar fógra dóibh. | (74) Chun na rioscaí maidir le cur chun feidhme mar thoradh ar easpa eolais agus saineolais sa mhargadh a íoslaghdú agus chun comhlíontacht na soláthraithe agus na gcomhlachtaí a dtugtar fógra dóibh lena n-oibleagáidí faoin Rialachán seo a éascú, ba cheart don Ardán um Intleacht Shaorga ar éileamh, do na Moil Nuálaíochta Digití Eorpacha agus do na Saoráidí Tástála agus Turgnamhaíochta arna mbunú ag an gCoimisiún agus na Ballstáit ar an leibhéal náisiúnta nó ar leibhéal an Aontais rannchuidiú le cur chun feidhme an Rialacháin seo. Laistigh dá misean agus réimsí inniúlachta faoi seach, féadfaidh siad tacaíocht theicniúil agus eolaíoch go háirithe a thabhairt do sholáthraithe agus comhlachtaí a dtugtar fógra dóibh. ***Caithfidh an Coimisiún líonra uile-Eorpach ollscoileanna agus taighdeoirí atá dírithe ar an intleacht shaorga a*** |

***chruthú freisin chun feabhas a chur ar an staidéar agus an taighde a dhéantar ar thionchar na hintleachta saorga agus nuashonrú a dhéanamh ar an bPlean Gníomhaíochta don Oideachas Digiteach a bunaíodh i dteachtaireacht ón gCoimisiún an 30 Meán Fómhair 2020 dar teideal Digital Education Action Plan 2021-2027 – Resetting education and training for the digital age [Plean Gníomhaíochta don Oideachas Digiteach 2021-2027 – Cúrsaí oideachais agus oiliúna a athshocrú don aois dhigiteach] chun an intleacht shaorga agus an róbataic a chomhtháthú san oideachas.***

**Leasú 21**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 76**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (76) Chun cur chun feidhme rianúil éifeachtach agus comhchuibhithe an Rialacháin seo a éascú, ba cheart Bord Eorpach um Intleacht Shaorga a bhunú. Ba cheart don Bhord a bheith freagrach as roinnt cúraimí comhairleacha, lena n-áirítear tuairimí, moltaí, comhairle nó treoir a thabhairt maidir le hábhair a bhaineann leis an Rialachán seo a chur chun feidhme, lena n-áirítear maidir le sonraíochtaí teicniúla nó caighdeáin atá ann cheana i dtaca leis na ceanglais a bhunaítear sa Rialachán seo agus ***comhairle*** agus cúnamh a thabhairt don Choimisiún maidir le ceisteanna áirithe a bhaineann leis an intleacht shaorga. | (76) Chun cur chun feidhme rianúil éifeachtach agus comhchuibhithe an Rialacháin seo a éascú, ba cheart Bord Eorpach um Intleacht Shaorga a bhunú. Ba cheart don Bhord a bheith freagrach as roinnt cúraimí comhairleacha, lena n-áirítear tuairimí, moltaí, comhairle nó treoir a thabhairt maidir le hábhair a bhaineann leis an Rialachán seo a chur chun feidhme, lena n-áirítear maidir le sonraíochtaí teicniúla nó caighdeáin atá ann cheana i dtaca leis na ceanglais a bhunaítear sa Rialachán seo agus ***sainchomhairle*** agus cúnamh a thabhairt don Choimisiún maidir le ceisteanna áirithe a bhaineann leis an intleacht shaorga ***mar aon le haghaidh a thabhairt ar na dúshláin a eascraíonn as forbairt na dteicneolaíochtaí intleachta saorga atá ag forbairt go tapa***. |

**Leasú 22**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 83**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (83) Chun comhar iontaofa cuiditheach a áirithiú idir na húdaráis inniúla ar leibhéal an Aontais agus ar an leibhéal náisiúnta, ba cheart do na páirtithe ar fad atá páirteach i gcur i bhfeidhm an Rialacháin seo rúndacht faisnéise agus sonraí a fhaightear agus a gcúraimí á ndéanamh acu a urramú. | (83) Chun comhar iontaofa cuiditheach a áirithiú idir na húdaráis inniúla ar leibhéal an Aontais agus ar an leibhéal náisiúnta, ba cheart do na páirtithe ar fad atá páirteach i gcur i bhfeidhm an Rialacháin seo rúndacht faisnéise agus sonraí a fhaightear agus a gcúraimí á ndéanamh acu a urramú. ***Is iomchuí sraith nua de threoirlínte agus caighdeáin choiteanna Eorpacha a chur ar bun chun an príobháideachas a chosaint agus chun a chinntiú go mbainfear úsáid éifeachtach as na sonraí atá ar fáil san am céanna.*** |

**Leasú 23**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 85**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (85) Chun a áirithiú gur féidir an creat rialála a oiriúnú i gcás inar gá, ba cheart an chumhacht chun gníomhartha a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 290 CFAE a tharmligean chuig an gCoimisiún chun na teicnící agus cuir chuige dá dtagraítear in Iarscríbhinn I a leasú chun córais intleachta saorga a shainiú, ba cheart feidhm a bheith ag reachtaíocht chomhchuibhithe an Aontais a liostaítear in Iarscríbhinn II, na córais intleachta saorga ardriosca a liostaítear in Iarscríbhinn III, na forálacha maidir le doiciméadacht theicniúil a liostaítear in Iarscríbhinn IV, ábhar an dearbhaithe comhréireachta de chuid an AE in Iarscríbhinn V, na forálacha maidir leis na nósanna imeachta um measúnú comhréireachta in Iarscríbhinní VI agus VII agus na forálacha lena mbunaítear na córais intleachta saorga ardriosca ar cheart | (85) Chun a áirithiú gur féidir an creat rialála a oiriúnú i gcás inar gá, ba cheart an chumhacht chun gníomhartha a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 290 CFAE a tharmligean chuig an gCoimisiún chun na teicnící agus cuir chuige dá dtagraítear in Iarscríbhinn I a leasú chun córais intleachta saorga a shainiú, ba cheart feidhm a bheith ag reachtaíocht chomhchuibhithe an Aontais a liostaítear in Iarscríbhinn II, na córais intleachta saorga ardriosca a liostaítear in Iarscríbhinn III, na forálacha maidir le doiciméadacht theicniúil a liostaítear in Iarscríbhinn IV, ábhar an dearbhaithe comhréireachta de chuid an AE in Iarscríbhinn V, na forálacha maidir leis na nósanna imeachta um measúnú comhréireachta in Iarscríbhinní VI agus VII agus na forálacha lena mbunaítear na córais intleachta saorga ardriosca ar cheart |

feidhm ina leith a bheith ag an nós imeachta um measúnú comhréireachta bunaithe ar mheasúnú an chórais bainistíochta cáilíochta agus measúnú na doiciméadachta teicniúla. Tá sé tábhachtach, go háirithe, go rachadh an Coimisiún i mbun comhairliúcháin iomchuí le linn a chuid oibre ullmhúcháin, lena n-áirítear ar leibhéal na saineolaithe, agus go ***ndéanfaí*** na comhairliúcháin sin i gcomhréir leis na prionsabail a leagtar síos i gComhaontú Idirinstitiúideach an ***13 Aibreán 2016*** maidir le Reachtóireacht Níos Fearr[58] . Go sonrach, chun rannpháirtíocht chomhionann in ullmhú na ngníomhartha tarmligthe a áirithiú, faigheann Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle na doiciméid uile ag an am céanna leis na saineolaithe sna Ballstáit, agus bíonn rochtain chórasach ag a gcuid saineolaithe ar chruinnithe ghrúpaí saineolaithe an Choimisiúin a bhíonn ag déileáil le hullmhú na ngníomhartha tarmligthe.

[58] IO L 123, 12.5.2016, lch. 1.

feidhm ina leith a bheith ag an nós imeachta um measúnú comhréireachta bunaithe ar mheasúnú an chórais bainistíochta cáilíochta agus measúnú na doiciméadachta teicniúla. Tá sé tábhachtach, go háirithe, go rachadh an Coimisiún i mbun comhairliúcháin iomchuí le linn a chuid oibre ullmhúcháin, lena n-áirítear ar leibhéal na saineolaithe, agus go ***ndéanfar*** na comhairliúcháin sin i gcomhréir leis na prionsabail a leagtar síos i gComhaontú Idirinstitiúideach an ***13 Aibreán 2016*** maidir le Reachtóireacht Níos Fearr[58]. ***Ba cheart*** go ***mbeadh speisialtóirí cáilithe ó réimsí éagsúla den tsochaí, lena n-áirítear ón earnáil phríobháideach, taighdeoirí agus eolaithe, ionadaithe ó earnálacha an oideachais agus an chultúir agus ó na meáin, ceardchumainn, eagraíochtaí tomhaltóirí, eagraíochtaí tuismitheora agus eagraíochtaí cosanta sonraí, ag a bhfuil na scileanna agus an t-eolas atá ábhartha don chúram, rannpháirteach sna comhairliúcháin sin. Go*** sonrach, chun rannpháirtíocht chomhionann in ullmhú na ngníomhartha tarmligthe a áirithiú, faigheann Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle na doiciméid uile ag an am céanna leis na saineolaithe sna Ballstáit, agus bíonn rochtain chórasach ag a gcuid saineolaithe ar chruinnithe ghrúpaí saineolaithe an Choimisiúin a bhíonn ag déileáil le hullmhú na ngníomhartha tarmligthe.

[58] IO L 123, 12.5.2016, lch. 1.

**Leasú 24**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 86 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(86a) I bhfianaise na bhforbairtí tapa teicneolaíochta agus an tsaineolais theicniúil is gá chun measúnú a dhéanamh ar chórais intleachta saorga ardriosca, ba cheart tarmligean na gcumhachtaí agus cumhachtaí cur chun feidhme an Choimisiúin a fheidhmiú agus an oiread solúbthachta agus is féidir ann. Ba cheart don Choimisiún athbhreithniú rialta a dhéanamh ar Iarscríbhinn III gan moill mhíchuí, gach sé mhí ar a laghad, agus dul i gcomhairle ag an am céanna leis na geallsealbhóirí ábhartha, lena n-áirítear saineolaithe eitice, antraipeolaithe, socheolaithe, speisialtóirí meabhairshláinte agus aon eolaithe agus taighdeoirí ábhartha eile, chomh maith le cumainn tuismitheoirí.*** |

**Leasú 25**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe c**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (c) rialacha trédhearcachta comhchuibhithe maidir le córais intleachta saorga ***atá ceaptha chun idirghníomhú le daoine nádúrtha, maidir le córais aitheanta mothúcháin agus córais chatagóirithe bhithmhéadraigh, agus córais intleachta saorga a úsáidtear chun ábhar íomhá, fuaime nó físe a ghiniúint nó a láimhsiú***; | (c) rialacha trédhearcachta comhchuibhithe maidir le córais intleachta saorga; |

**Leasú 26**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 2 – mír 4 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***4a. Ní dhéanfaidh an Rialachán seo difear don taighde acadúil ar chórais intleachta saorga agus a n-aschuir ná dá bhforbairt chun críche taighde acadúil.*** |

**Leasú 27**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 3 – mír 1 – pointe 4**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (4) ciallaíonn 'úsáideoir' aon duine nádúrtha nó dlítheanach, údarás poiblí, gníomhaireacht nó comhlacht eile a bhfuil córas intleachta saorga á úsáid aige faoina údarás féin, ach amháin i gcás ina n-úsáidtear an córas intleachta saorga le linn gníomhaíocht phearsanta neamhghairmiúil; | (4) ciallaíonn 'úsáideoir' aon duine nádúrtha nó dlítheanach, údarás poiblí, ***institiúid oideachais agus oiliúna,*** gníomhaireacht nó comhlacht eile a bhfuil córas intleachta saorga á úsáid aige faoina údarás féin, ach amháin i gcás ina n-úsáidtear an córas intleachta saorga le linn gníomhaíocht phearsanta neamhghairmiúil; |

**Leasú 28**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 3 – mír 1 – pointe 35**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (35) ciallaíonn 'córas catagóirithe bhithmhéadraigh' córas intleachta saorga chun ***críche*** daoine nádúrtha a shannadh do chatagóirí sonracha, amhail inscne, aois, dath gruaige, dath súile, tatúnna, bunús eitneach nó treoshuíomh gnéasach nó polaitiúil, ar bhonn a sonraí bithmhéadracha; | (35) ciallaíonn 'córas catagóirithe bhithmhéadraigh' córas intleachta saorga ***a bhaineann úsáid as sonraí bithmhéadracha, nó sonraí fisiciúla, fiseolaíocha nó iompraíochta,*** chun daoine nádúrtha a shannadh do chatagóirí sonracha, amhail inscne, aois, dath gruaige, dath súile, tatúnna, bunús eitneach nó treoshuíomh gnéasach nó polaitiúil, ar bhonn a sonraí bithmhéadracha; |

**Leasú 29**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 3 – mír 1 – pointe 39**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (39) ciallaíonn 'spás atá inrochtana don phobal' aon áit ***fhisiciúil*** ar a bhfuil rochtain ag an bpobal, gan beann ar choinníollacha áirithe maidir le rochtain a bheith i bhfeidhm; | (39) ciallaíonn 'spás atá inrochtana don phobal' aon áit ar a bhfuil rochtain ag an bpobal, gan beann ar choinníollacha áirithe maidir le rochtain a bheith i bhfeidhm; |

**Leasú 30**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 3 – mír 1 – pointe 44 – pointe a**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (a) bás duine nó damáiste tromchúiseach do shláinte ***duine***, do mhaoin ***nó*** don chomhshaol, | (a) bás duine nó damáiste tromchúiseach do ***chearta bunúsacha duine, dá*** shláinte, do mhaoin**,** don chomhshaol, ***don daonlathas nó don smacht reachta,*** |

**Leasú 31**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 3 – mír 1 – pointe 44 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(44a) ciallaíonn 'institiúidí oideachais agus oiliúna' soláthraithe oideachais agus oiliúna, gan beann ar aois na ndaoine atá i mbun oideachais nó oiliúna, lena n-áirítear réamhscoileanna, cúram leanaí, bunscoileanna, meánscoileanna, soláthraithe oideachais tríú leibhéal, gairmoideachas agus gairmoiliúint agus aon chineál soláthraithe foghlama ar feadh an tsaoil;*** |

**Leasú 32**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 3 – mír 1 – pointe 44 b (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(44b) ciallaíonn 'institiúidí cultúrtha' institiúidí amhail leabharlanna, músaeim, amharclanna, hallaí ceolchoirme, ionaid taispeántais, ensembles ailtireachta agus ionaid ealaíon ilchuspóireacha, mar aon lena gcodanna fíorúla, a eagraíonn oideachas cultúrtha, malartuithe daonlathacha agus taighde agus a chuireann bealaí agus modhanna ar fáil chun blaiseadh den oidhreacht chultúrtha a thabhairt do dhaoine;*** |

**Leasú 33**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 3 – mír 1 – pointe 44 c (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(44c) ciallaíonn 'domhainbhrionnú' inneachar, téacs nó scripteanna fuaime, físe nó closamhairc atá cúbláilte nó sintéiseach ina bhfuil daoine a maítear go bhfuil siad barántúil nó fírinneach;*** |

**Leasú 34**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 3 – mír 1 – pointe 44 d (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(44d) ciallaíonn 'litearthacht intleachta saorga' na scileanna, an t-eolas agus an tuiscint a bhaineann le córais intleachta saorga.*** |

**Leasú 35**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 4 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***Airteagal 4a*** |
| | ***Intleacht shaorga iontaofa*** |
| | ***1. Déanfar gach córas intleachta saorga san Aontas a fhorbairt, a imlonnú agus a úsáid i gcomhréir leis an gCairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh (an Chairt).*** |
| | ***2. D'fhonn intleacht shaorga iontaofa a chur chun cinn san Aontas, agus gan dochar do na ceanglais a leagtar amach i dTeideal III le haghaidh córais intleachta saorga ardriosca, déanfar gach córas intleachta saorga a fhorbairt, a imlonnú agus a úsáid:*** |
| | ***(a) ar bhealach dleathach, cothrom agus trédhearcach ('prionsabal na dlíthiúlachta, na cothroime agus na trédhearcachta');*** |
| | ***(b) ar bhealach lena n-áiritheofar go mbeidh daoine nádúrtha i gcónaí in ann cinntí eolacha a dhéanamh maidir leis na córais sin agus nach mbainfidh na córais sin an bonn de neamhspleáchas an duine nó nach sáróidh siad neamhspleáchas an duine ('prionsabal an ghníomhaithe dhaonna agus na maoirseachta daonna');*** |
| | ***(c) ar bhealach lena n-áiritheofar go bhfeidhmeoidh siad go sábháilte, go cruinn agus go hiontaofa, agus beidh cosaintí leabaithe ag gabháil leo chun aon chineál díobhála aonair nó comhchoitinne a chosc ('prionsabal na sábháilteachta, an chruinnis, na hiontaofachta agus na stóinseachta');*** |
| | ***(d) ar bhealach lena ráthófar príobháideachas agus cosaint sonraí ('prionsabal an phríobháideachais');*** |
| | ***(e) ar bhealach lena dtugtar buntáiste*** |

| | |
|---|---|
| | ***do shláine agus cáilíocht sonraí, lena n-áirítear maidir le rochtain ('prionsabal an rialachais sonraí');*** |
| | ***(f) ar bhealach inrianaithe, in-iniúchta agus inmhínithe lena n-áiritheofar freagracht agus cuntasacht as a dtorthaí agus a thacaíonn le sásamh ('prionsabal na hinrianaitheachta, an in-iniúchta, na hinmhínitheachta agus na cuntasachta');*** |
| | ***(g) ar bhealach nach ndéantar idirdhealú ar dhaoine nó grúpaí daoine ar bhonn claontacht éagórach agus lena n-áirítear, chuige sin, rannpháirtíocht agus ionchur na ngeallsealbhóirí ábhartha ('prionsabal an neamh-idirdhealaithe agus na héagsúlachta');*** |
| | ***(h) ar bhealach atá inbhuanaithe ó thaobh an chomhshaoil de agus lena n-íoslaghdaítear a lorg comhshaoil, lena n-áirítear maidir le heastóscadh agus ídiú acmhainní nádúrtha ('prionsabal na hinbhuanaitheachta comhshaoil');*** |
| | ***(i) ar bhealach atá freagrach go sóisialta agus lena n-íoslaghdaítear a ndrochthionchar ar an tsochaí, go háirithe maidir leis an neamhionannas sóisialta agus inscne agus próisis dhaonlathacha ('prionsabal na freagrachta sóisialta').*** |

**Leasú 36**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 4 b (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***Airteagal 4b*** |
| | ***Litearthacht intleachta saorga*** |
| | ***1. Agus an Rialachán seo á chur chun feidhme, cuirfidh an tAontas agus na Ballstáit bearta agus uirlisí chun cinn chun leibhéal leordhóthanach*** |

***litearthachta intleachta saorga a fhorbairt sna hearnálacha agus grúpaí oibreoirí lena mbaineann, lena n-áirítear tríd an oideachas agus an oiliúint agus cláir cothaithe scileanna agus athoiliúna, agus comhionannas cuí inscne agus aoise á áirithiú san am céanna, d'fhonn gur féidir rialú daonlathach a dhéanamh ar chórais intleachta saorga.***

***2. Cuirfidh soláthraithe agus úsáideoirí na gcóras intleachta saorga uirlisí chun cinn agus déanfaidh siad bearta chun leibhéal leordhóthanach litearthachta intleachta saorga a áirithiú i measc a bhfoirne agus daoine eile a bhíonn ag déileáil le hoibriú agus úsáid na gcóras intleachta saorga thar a gceann, agus a gcuid eolais theicniúil, a gcuid taithí, a gcuid oideachais agus oiliúna agus an timpeallacht ina mbeidh na córais intleachta saorga le húsáid á gcur san áireamh, agus aird á tabhairt ar na daoine nó na grúpaí daoine a n-úsáidfear na córais intleachta saorga orthu.***

***3. Is éard a bheidh i gceist leis na huirlisí agus na bearta litearthachta sin, go háirithe, ná teagasc agus foghlaim na gcoincheap agus na scileanna bunúsacha maidir le córais intleachta saorga agus an chaoi a bhfeidhmíonn siad, lena n-áirítear na cineálacha éagsúla táirgí agus úsáidí, na rioscaí agus na tairbhí a bhaineann leo agus a dhéine atá an dochar a d'fhéadfaidís a dhéanamh agus an seans go dtarlódh sé.***

***4. Measfar gur leor leibhéal na litearthachta intleachta saorga i gcás ina rannchuideoidh sé le cumas na n-oibreoirí cloí go hiomlán le hintleacht shaorga iontaofa agus leas a bhaint aisti, agus go háirithe i dtaca leis na ceanglais a leagtar síos sa Rialachán seo.***

**Leasú 37**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 6 – mír 2**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 2. I dteannta na gcóras intleachta saorga ardriosca dá dtagraítear i mír 1, measfar na córais intleachta saorga dá dtagraítear in Iarscríbhinn III a bheith ina gcórais ardriosca freisin. | 2. I dteannta na gcóras intleachta saorga ardriosca dá dtagraítear i mír 1, measfar na córais intleachta saorga dá dtagraítear in Iarscríbhinn III a bheith ina gcórais ardriosca freisin ***de dheasca an riosca a bhaineann leo go ndéanfaidh siad dochar don tsláinte, don tsábháilteacht, don chomhshaol, do na cearta bunúsacha nó don daonlathas agus don smacht reachta***. |

**Leasú 38**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 7 – mír 1 – pointe a**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (a) go bhfuil na córais intleachta saorga ceaptha lena n-úsáid in aon cheann de na réimsí a liostaítear ***i bpointí 1 go 8 d'***Iarscríbhinn III; | (a) go bhfuil na córais intleachta saorga ceaptha lena n-úsáid in aon cheann de na réimsí a liostaítear ***in*** Iarscríbhinn III; |

**Leasú 39**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 7 – mír 1 – pointe b**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (b) go bhfuil baol ann mar gheall ar na córais intleachta saorga go ndéanfar díobháil don tsláinte agus don tsábháilteacht, nó go n-imreofar drochthionchar ar chearta bunúsacha, atá cothrom leis an mbaol atá ann mar gheall ar na córais intleachta saorga ardriosca dá dtagraítear in Iarscríbhinn III, nó níos mó ná sin, i ndáil lena thromchúisí agus a dhóchúla atá an díobháil sin nó an | (b) go bhfuil baol ann mar gheall ar na córais intleachta saorga go ndéanfar díobháil don tsláinte agus don tsábháilteacht, nó go n-imreofar drochthionchar ar chearta bunúsacha, ***ar an daonlathas agus an smacht reachta, nó ar an gcomhshaol*** atá cothrom leis an mbaol atá ann mar gheall ar na córais intleachta saorga ardriosca dá dtagraítear in Iarscríbhinn III, nó níos mó ná sin, i ndáil |

drochthionchar sin.

lena thromchúisí agus a dhóchúla atá an díobháil sin nó an drochthionchar sin.

**Leasú 40**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 7 – mír 2 – an chuid réamhráiteach**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 2. Nuair a dhéantar measúnú chun críocha mhír 1 an bhfuil baol ann mar gheall ar chóras intleachta saorga go ndéanfar díobháil don tsláinte agus don tsábháilteacht nó go n-imreofar drochthionchar ar chearta bunúsacha, atá cothrom leis an mbaol atá ann mar gheall ar na córais intleachta saorga ardriosca dá dtagraítear in Iarscríbhinn III, nó níos mó ná sin, cuirfidh an Coimisiún na critéir seo a leanas san áireamh: | 2. Nuair a dhéantar measúnú chun críocha mhír 1 an bhfuil baol ann mar gheall ar chóras intleachta saorga go ndéanfar díobháil don tsláinte agus don tsábháilteacht nó go n-imreofar drochthionchar ar chearta bunúsacha, ***ar an daonlathas agus an smacht reachta, nó ar an gcomhshaol*** atá cothrom leis an mbaol atá ann mar gheall ar na córais intleachta saorga ardriosca dá dtagraítear in Iarscríbhinn III, nó níos mó ná sin, cuirfidh an Coimisiún na critéir seo a leanas san áireamh: |

**Leasú 41**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 7 – mír 2 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***2a. Déanfaidh an Coimisiún an measúnú dá dtagraítear i mír 2 go bliantúil faoi na coinníollacha comhairliúcháin a leagtar síos in Airteagal 73.*** |

**Leasú 42**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 9 – mír 4 – fomhír 2 – pointe d a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|

| | |
|---|---|
| | ***(da)	soláthar litearthachta IS ar leibhéal leordhóthanach;*** |

**Leasú	43**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 9 – mír 8**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 8.	Agus an córas bainistíochta riosca a dtugtar tuairisc air i mír 1 go mír 7 á chur chun feidhme, tabharfar aird ar leith ar cibé an dócha go mbeidh rochtain ag leanaí ar an gcóras intleachta saorga ardriosca nó an mbeidh tionchar aige orthu. | 8.	Agus an córas bainistíochta riosca a dtugtar tuairisc air i mír 1 go mír 7 á chur chun feidhme, tabharfar aird ar leith ar cibé an dócha go mbeidh rochtain ag leanaí***, daoine scothaosta, imircigh nó grúpa leochaileacha eile*** ar an gcóras intleachta saorga ardriosca nó an mbeidh tionchar aige orthu. |

**Leasú	44**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 10 – mír 2 – pointe f**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (f)	iniúchadh i bhfianaise ***claonta*** a d’fhéadfadh a bheith ann; | (f)	iniúchadh i bhfianaise ***claontachtaí*** a d’fhéadfadh a bheith ann***, go háirithe claontachtaí a d’fhéadfadh difear a dhéanamh do shláinte agus sábháilteacht daoine nó a bhféadfadh idirdhealú a bheith ann mar thoradh orthu***; |

**Leasú	45**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 10 – mír 2 – pointe g a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(ga)	an cuspóir agus an timpeallacht ina n-úsáidfear an córas;*** |

**Leasú 46**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 13 – mír 1**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 1. Déanfar córais ardriosca intleachta saorga a dhearadh agus a fhorbairt sa chaoi is go n-áiritheofar go mbeidh a ***bhfeidhmiú*** trédhearcach go leor chun go mbeidh úsáideoirí in ann aschur an chórais a léirmhíniú agus ***é*** a úsáid ***mar is iomchuí. Áiritheofar cineál agus méid iomchuí trédhearcachta*** d'fhonn ***comhlíontacht an úsáideora agus an tsoláthraí lena*** n-oibleagáidí ábhartha a leagtar amach i gCaibidil 3 den Teideal seo. | 1. Déanfar córais ardriosca intleachta saorga a dhearadh agus a fhorbairt sa chaoi is go n-áiritheofar go mbeidh a ***n-oibriú*** trédhearcach go leor chun go mbeidh ***soláthraithe agus*** úsáideoirí ***mar aon le geallsealbhóirí ábhartha eile*** in ann ***feidhmiú agus*** aschur an chórais a léirmhíniú ***go héasca*** agus ***iad*** a úsáid ***go hiomchuí ar bhonn cinntí eolacha*** d'fhonn ***comhlíonadh na*** n-oibleagáidí ábhartha a leagtar amach i gCaibidil 3 den Teideal seo ***a bhaint amach***. |

**Leasú 47**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 13 – mír 3 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***3a. Chun na hoibleagáidí a leagtar síos san Airteagal seo a chomhlíonadh, áiritheoidh na soláthraithe agus na húsáideoirí go mbeidh leibhéal leordhóthanach litearthachta IS ann i gcomhréir le hAirteagal 4b.*** |

**Leasú 48**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 14 – mír 5 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***5a. Chun na hoibleagáidí a leagtar*** |

| | |
|---|---|
| | ***síos san Airteagal seo a chomhlíonadh, áiritheoidh na soláthraithe agus na húsáideoirí go mbeidh leibhéal leordhóthanach litearthachta IS ann i gcomhréir le hAirteagal 4b.*** |

**Leasú 49**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 29 – mír 1 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***1a. Chun na hoibleagáidí a leagtar síos san Airteagal seo a chomhlíonadh, agus chun gur féidir údar cuí a thabhairt i gcás nach gcomhlíontar iad, áiritheoidh úsáideoirí na gcóras IS ardriosca go mbeidh leibhéal leordhóthanach litearthachta IS ann i gcomhréir le hAirteagal 4b.*** |

**Leasú 50**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 41 – mír 2**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 2. Agus na sonraíochtaí coiteanna dá dtagraítear i mír 1 á n-ullmhú aige, gheobhaidh an Coimisiún na tuairimí ó ***chomhlachtaí*** ábhartha nó grúpaí saineolaithe ábhartha arna mbunú faoi dhlí earnála ábhartha an Aontais. | 2. Agus na sonraíochtaí coiteanna dá dtagraítear i mír 1 á n-ullmhú aige, gheobhaidh an Coimisiún na tuairimí ó ***gheallsealbhóirí*** ábhartha***, lena n-áirítear ionadaithe ón tionscal, FBManna agus comhlachtaí*** nó grúpaí saineolaithe ábhartha ***eile*** arna mbunú faoi dhlí earnála ábhartha an Aontais. |

**Leasú 51**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 52 – mír 1**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 1. Maidir le córais intleachta saorga ***atá ceaptha*** idirghníomhú le daoine nádúrtha, áiritheoidh soláthraithe go ndéanfar na córais sin a dhearadh agus a fhorbairt ar bhealach a chuirfidh daoine nádúrtha ar an eolas go bhfuil siad ag idirghníomhú le córas intleachta saorga, ach amháin más léir sin ó na himthosca agus ó chomhthéacs na húsáide. Ní bheidh feidhm ag an oibleagáid sin maidir le córais intleachta saorga arna n-údarú leis an dlí cionta coiriúla a bhrath, a chosc, a imscrúdú agus a ionchúiseamh, ach amháin má bhíonn na córais sin ar fáil don phobal chun cion coiriúil a thuairisciú. | 1. Maidir le córais intleachta saorga ***a úsáidtear chun*** idirghníomhú le daoine nádúrtha, áiritheoidh soláthraithe go ndéanfar na córais sin a dhearadh agus a fhorbairt ar bhealach a chuirfidh daoine nádúrtha ar an eolas go bhfuil siad ag idirghníomhú le córas intleachta saorga, ach amháin más léir sin ó na himthosca agus ó chomhthéacs na húsáide. Ní bheidh feidhm ag an oibleagáid sin maidir le córais intleachta saorga arna n-údarú leis an dlí cionta coiriúla a bhrath, a chosc, a imscrúdú agus a ionchúiseamh, ach amháin má bhíonn na córais sin ar fáil don phobal chun cion coiriúil a thuairisciú. |

**Leasú 52**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 52 – mír 2**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 2. Cuirfidh úsáideoirí córais aitheanta mothúcháin nó córais catagóirithe bhithmhéadraigh daoine a nochtar an córas dóibh ar an eolas faoi oibriú an chórais. Ní bheidh feidhm ag an oibleagáid sin maidir le córais intleachta saorga a úsáidtear le haghaidh catagóiriú bithmhéadrach, ar córais iad a cheadaítear de réir an dlí chun cionta coiriúla a bhrath, a chosc agus a imscrúdú. | 2. Cuirfidh úsáideoirí córais aitheanta mothúcháin nó córais catagóirithe bhithmhéadraigh ***na*** daoine ***nádúrtha*** a nochtar an córas dóibh ar an eolas ***ar bhealach tráthúil, soiléir agus intuigthe*** faoi oibriú an chórais. ***Áireofar ar an bhfaisnéis sin freisin, de réir mar is iomchuí, na cearta agus na próisis lenar féidir le daoine nádúrtha achomharc a dhéanamh in aghaidh chur i bhfeidhm na gcóras intleachta saorga sin maidir leo.*** Ní bheidh feidhm ag an oibleagáid sin maidir le córais intleachta saorga a úsáidtear le haghaidh catagóiriú bithmhéadrach, ar córais iad a cheadaítear de réir an dlí chun cionta coiriúla a bhrath, a chosc agus a imscrúdú. |

**Leasú 53**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 52 – mír 3 – fomhír 1**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| Maidir le húsáideoirí córais intleachta saorga a ghineann nó a chúblálann inneachar íomhá, fuaime nó físe atá cosúil go suntasach le daoine, nithe, áiteanna nó eintitis nó teagmhais eile atá ann cheana agus a bhfeicfear do dhuine go bhfuil sé barántúil nó fírinneach ach go bhfuil sé bréagach ('domhainbhrionnú'), nochtfaidh na húsáideoirí sin gur gineadh nó gur cúbláladh an ***t-ábhar*** go saorga. | Maidir le húsáideoirí córais intleachta saorga a ghineann nó a chúblálann inneachar íomhá, fuaime***, téacs, scripte*** nó físe atá cosúil go suntasach le daoine, nithe, áiteanna***, téacs, scripteanna*** nó eintitis nó teagmhais eile atá ann cheana agus a bhfeicfear do dhuine go bhfuil sé barántúil nó fírinneach ach go bhfuil sé bréagach ('domhainbhrionnú'), nochtfaidh na húsáideoirí sin***, ar bhealach soiléir, athráiteach, tráthúil agus infheicthe,*** gur gineadh nó gur cúbláladh an ***t-inneachar*** go saorga. |

**Leasú 54**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 52 – mír 3 – fomhír 2**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| Mar sin féin, ní bheidh feidhm ag an gcéad fhomhír i gcás ina n-údaraítear an úsáid le dlí chun cionta coiriúla a bhrath, a chosc, a imscrúdú agus a ionchúiseamh nó i gcás inar gá sin maidir le feidhmiú an chirt chun saoirse tuairimí a nochtadh agus feidhmiú an chirt maidir saoirse na n-ealaíon agus na n-eolaíochtaí a ráthaítear i gCairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh, agus faoi réir coimircí iomchuí do chearta agus saoirsí tríú páirtithe. | Mar sin féin, ní bheidh feidhm ag an gcéad fhomhír i gcás ina ***bhfuil an úsáid mar chuid de shaothar ealaíne, cruthaitheach nó ficseanúil cineamatagrafach nó saothar den chineál sin nó i gcás ina*** n-údaraítear an úsáid le dlí chun cionta coiriúla a bhrath, a chosc, a imscrúdú agus a ionchúiseamh nó i gcás inar gá sin maidir le feidhmiú an chirt chun saoirse tuairimí a nochtadh agus feidhmiú an chirt maidir saoirse na n-ealaíon agus na n-eolaíochtaí a ráthaítear i gCairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh, agus faoi réir coimircí iomchuí do chearta agus saoirsí tríú páirtithe. |

**Leasú 55**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 52 – mír 3 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***3a. Maidir le soláthraithe agus úsáideoirí na gcóras intleachta saorga a dhéanann nuacht nó inneachar cruthaitheach agus cultúrtha a mholadh, a scaipeadh agus a ordú, déanfaidh siad na príomhpharaiméadair a úsáidtear chun modhnóireacht a dhéanamh ar inneachar agus moltaí pearsantaithe a nochtadh ar bhealach iomchuí, soiléir agus sofheicthe. Beidh séanadh mar chuid den fhaisnéis sin.*** |

**Leasú 56**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 52 – mír 3 b (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***3b. Déanfar an fhaisnéis dá dtagraítear san Airteagal seo a sholáthar do na daoine nádúrtha ar bhealach tráthúil, soiléir agus sofheicthe, ar a dhéanaí tráth a dhéanfar an chéad idirghníomhaíocht nó an chéad nochtadh. Déanfar an fhaisnéis sin a chur ar fáil nuair is duine faoi mhíchumas nó leanbh é an duine nádúrtha atá nochta nó i gcás inar cuid de ghrúpa leochaileach an duine sin. Beidh faisnéis faoi nósanna imeachta idirghabhála nó nósanna imeachta chun inneachar a mharcáil ag gabháil leis an bhfaisnéis sin, agus aird á tabhairt ar an úrscothacht atá aitheanta go coitianta, na caighdeáin ábhartha chomhchuibhithe agus na sonraíochtaí coiteanna.*** |

**Leasú 57**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 56 – mír 2 – pointe a a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(aa) oibriú chun glacadh na hintleachta saorga a chur chun cinn laistigh den Aontas, go háirithe i measc FBManna;*** |

**Leasú 58**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 57 – mír 1**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 1. Is éard a bheidh sa Bhord na húdaráis mhaoirseachta náisiúnta, a ndéanfaidh ceann an údaráis sin nó oifigeach ardleibhéil coibhéiseach de chuid an údaráis sin ionadaíocht orthu, agus an Maoirseoir Eorpach ar Chosaint Sonraí. ***Féadfar*** cuireadh ***a thabhairt*** d'údaráis náisiúnta eile ***le*** freastal ar na cruinnithe, i gcás ina mbaineann na hábhair a phléifear leo. | 1. Is éard a bheidh sa Bhord na húdaráis mhaoirseachta náisiúnta, a ndéanfaidh ceann an údaráis sin nó oifigeach ardleibhéil coibhéiseach de chuid an údaráis sin ionadaíocht orthu, agus an Maoirseoir Eorpach ar Chosaint Sonraí. ***Tabharfar*** cuireadh d'údaráis náisiúnta ***nó idirnáisiúnta*** eile ***nó do gheallsealbhóirí ábhartha, lena n-áirítear ón earnáil phríobháideach,*** freastal ar na cruinnithe, i gcás ina mbaineann na hábhair a phléifear leo. |

**Leasú 59**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 57 – mír 4**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 4. ***Féadfaidh*** an Bord ***cuireadh a thabhairt do*** shaineolaithe seachtracha agus ***do*** bhreathnóirí freastal ar a chruinnithe agus malartú a dhéanamh le tríú páirtithe leasmhara chun iad a chur ar an eolas maidir lena gcuid gníomhaíochtaí a mhéid is iomchuí. Chuige sin, féadfaidh an Coimisiún malartuithe a éascú idir an Bord agus comhlachtaí, oifigí, gníomhaireachtaí agus grúpaí | 4. ***I gcás inarb ábhartha, iarrfaidh*** an Bord ***ar*** shaineolaithe seachtracha agus ***ar*** bhreathnóirí freastal ar a chruinnithe agus malartú a dhéanamh le tríú páirtithe leasmhara chun iad a chur ar an eolas maidir lena gcuid gníomhaíochtaí a mhéid is iomchuí. Chuige sin, féadfaidh an Coimisiún malartuithe a éascú idir an Bord agus comhlachtaí, oifigí, gníomhaireachtaí agus grúpaí comhairleacha eile de chuid an |

| | |
|---|---|
| comhairleacha eile de chuid an Aontais. | Aontais***, lena n-áirítear an Grúpa Ardleibhéil Saineolaithe um an Intleacht Shaorga***. |

**Leasú 60**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 69 – mír 3**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 3. Féadfaidh soláthraithe aonair córas intleachta saorga, nó eagraíochtaí a dhéanann ionadaíocht orthu, nó iad araon, cóid iompair a tharraingt suas, lena n-áirítear i ***dteannta rannpháirtíocht úsáideoirí*** agus aon pháirtí leasmhar agus a eagraíocht ionadaíoch. Féadfar córas intleachta saorga amháin nó níos mó a chumhdach le cóid iompair, agus aird á tabhairt ar chosúlacht chuspóir beartaithe na gcóras ábhartha. | 3. Féadfaidh soláthraithe aonair córas intleachta saorga, nó eagraíochtaí a dhéanann ionadaíocht orthu, nó iad araon, cóid iompair a tharraingt suas, lena n-áirítear i ***gcomhar le húsáideoirí*** agus aon pháirtí leasmhar agus a eagraíocht ionadaíoch***, lena n-áirítear go háirithe ceardchumainn agus eagraíochtaí tomhaltóirí***. Féadfar córas intleachta saorga amháin nó níos mó a chumhdach le cóid iompair, agus aird á tabhairt ar chosúlacht chuspóir beartaithe na gcóras ábhartha. |

**Leasú 61**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 69 – mír 3 b (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***3b. Chun na hoibleagáidí a leagtar síos san Airteagal seo a chomhlíonadh, áiritheoidh na soláthraithe agus na húsáideoirí go mbeidh leibhéal leordhóthanach litearthachta IS ann i gcomhréir le hAirteagal 4b.*** |

**Leasú 62**

**Togra le haghaidh rialacháin**

**Airteagal 71 – mír 1**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 1. I gcomhréir leis na téarmaí agus na coinníollacha a leagtar síos sa Rialachán seo, leagfaidh na Ballstáit síos na rialacha maidir le pionóis, lena n-áirítear fíneálacha riaracháin, is infheidhme maidir le sáruithe ar an Rialachán seo, agus glacfaidh siad na bearta uile is gá chun a áirithiú go gcuirfear chun feidhme iad mar is cuí agus go héifeachtach. Beidh na pionóis dá bhforáiltear éifeachtach, comhréireach agus athchomhairleach. Cuirfidh siad san áireamh go sonrach leas agus inmharthanacht eacnamaíoch na soláthraithe ar mhionscála agus na ngnólachtaí nuathionscanta. | 1. I gcomhréir leis na téarmaí agus na coinníollacha a leagtar síos sa Rialachán seo, leagfaidh na Ballstáit síos na rialacha maidir le pionóis, lena n-áirítear fíneálacha riaracháin, is infheidhme maidir le sáruithe ar an Rialachán seo, agus glacfaidh siad na bearta uile is gá chun a áirithiú go gcuirfear chun feidhme iad mar is cuí agus go héifeachtach. Beidh na pionóis dá bhforáiltear éifeachtach, comhréireach agus athchomhairleach. Cuirfidh siad san áireamh go sonrach leas***, suíomh margaidh*** agus inmharthanacht eacnamaíoch na soláthraithe ar mhionscála agus na ngnólachtaí nuathionscanta. |

**Leasú 63**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 73 – mír 3 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***3a. Sula nglacfaidh sé gníomh tarmligthe, rachaidh an Coimisiún i mbun comhairliúchán leis na hinstitiúidí agus na geallsealbhóirí ábhartha i gcomhréir leis na prionsabail a leagtar síos i gComhaontú Idirinstitiúideach an 13 Aibreán 2016 maidir le Reachtóireacht Níos Fearr.*** |

**Leasú 64**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Iarscríbhinn III – mír 1 – pointe 2 – pointe a**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (a) Córais intleachta saorga atá beartaithe lena n-úsáid mar | (a) Córais intleachta saorga atá beartaithe lena n-úsáid mar |

| | |
|---|---|
| chomhpháirteanna sábháilteachta i mbainistíocht agus in oibriú tráchta bóthair agus i soláthar uisce, gáis, téimh agus leictreachais. | chomhpháirteanna sábháilteachta i mbainistíocht agus in oibriú tráchta bóthair agus i soláthar uisce, gáis, téimh**, *teileachumarsáide*** agus leictreachais. |

**Leasú 65**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Iarscríbhinn III – mír 1 – pointe 3 – an chuid réamhráiteach**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 3. Oideachas agus ***gairmoiliúint***: | 3. Oideachas agus ***oiliúint***: |

**Leasú 66**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Iarscríbhinn III – mír 1 – pointe 3 – pointe a**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (a) Córais intleachta saorga atá beartaithe lena n-úsáid chun rochtain ar institiúidí oideachais agus ***gairmoiliúna*** a chinneadh nó chun daoine nádúrtha a shannadh orthu; | (a) Córais intleachta saorga atá beartaithe lena n-úsáid chun rochtain ar institiúidí oideachais agus ***oiliúna*** a chinneadh nó chun daoine nádúrtha a shannadh orthu; |

**Leasú 67**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Iarscríbhinn III – mír 1 – pointe 3 – pointe b**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (b) Córais intleachta saorga atá beartaithe lena n-úsáid chun measúnú a dhéanamh ar mhic léinn in institiúidí oideachais agus ***gairmoiliúna*** agus chun measúnú a dhéanamh ar rannpháirtithe i scrúduithe a bhfuil gá coitianta leo chun cead isteach in institiúidí oideachais a fháil. | (b) Córais intleachta saorga atá beartaithe lena n-úsáid chun measúnú a dhéanamh ar mhic léinn in institiúidí oideachais agus ***oiliúna*** agus chun measúnú a dhéanamh ar rannpháirtithe i scrúduithe a bhfuil gá coitianta leo chun cead isteach in institiúidí oideachais a fháil. |

**Leasú 68**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Iarscríbhinn III – mír 1 – pointe 3 – pointe b a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(ba) Córais intleachta saorga atá beartaithe lena n-úsáid chun cinneadh a dhéanamh faoin réimse nó an clár ar cheart do mhac léinn staidéar a dhéanamh air in institiúidí oideachais agus oiliúna;*** |

**Leasú 69**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Iarscríbhinn III – mír 1 – pointe 3 – pointe b b (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(bb) Córais intleachta saorga atá beartaithe lena n-úsáid chun faireachán a dhéanamh ar iompraíocht thoirmiscthe na mac léinn le linn scrúduithe in institiúidí oideachais agus oiliúna agus chun í a bhrath;*** |

**Leasú 70**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Iarscríbhinn III – mír 1 – pointe 4 – an chuid réamhráiteach**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 4. Fostaíocht, bainistiú fostaithe agus rochtain ar an bhféinfhostaíocht: | 4. Fostaíocht ***agus tacaíocht fostaíochta***, bainistiú fostaithe agus rochtain ar an bhféinfhostaíocht: |

**Leasú 71**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Iarscríbhinn III – mír 1 – pointe 4 – pointe b**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (b) Intleacht shaorga atá beartaithe lena húsáid chun cinntí a dhéanamh maidir le caidrimh ***chonarthacha*** a chur chun cinn agus a fhoirceannadh, ar caidrimh ***chonarthacha*** iad a bhaineann leis an obair, chun tascanna a leithdháileadh agus chun faireachán agus meastóireacht a dhéanamh ar fheidhmíocht agus ***ar*** iompraíocht daoine i gcaidrimh den sórt sin. | (b) Intleacht shaorga atá beartaithe lena húsáid chun cinntí a dhéanamh maidir le caidrimh a ***bhunú, a*** chur chun cinn agus a fhoirceannadh, ar caidrimh iad a bhaineann leis an obair, chun tascanna a leithdháileadh***, chun faireachán a dhéanamh ar chomhlíonadh rialacha na háite oibre*** agus chun faireachán agus meastóireacht a dhéanamh ar fheidhmíocht agus iompraíocht daoine i gcaidrimh den sórt sin. |

## IARSCRÍBHINN: LIOSTA DE NA hEINTITIS NÓ NA DAOINE ÓNA bhFUAIR AN RAPÓIRTÉIR IONCHUR

Rinneadh an liosta seo a leanas a tharraingt suas ar bhonn deonach amháin faoi fhreagracht eisiach an Rapóirtéara. Fuair an Rapóirtéir ionchur ó na heintitis nó na daoine seo a leanas nuair a bhí an tuairim á hullmhú, go dtí gur glacadh sa choiste í:

| **Eintiteas agus/nó duine** |
|---|
| AccessNow |
| Baptiste Caramiaux, taighdeoir sa lárionad taighde CNRS, Sorbonne Université i bPáras |
| BEUC |
| Defenddigitalme |
| EDRi |
| An Fóram Eorpach maidir leis an Míchumas |
| Huawei |
| An Chónaidhm Idirnáisiúnta um Chumainn agus Institiúidí Leabharlainne |
| Joanna Bryson, Ollamh le hEitic agus Teicneolaíocht, Hertie School |
| Liber Europe |
| Maldita.es |
| Martin Senftlebe, Ollamh le Dlí na Maoine Intleachtúla, Ollscoil Amstardam |
| Meaning Processing Ltd. |
| Saidot Ltd. |
| Scio.cz |

## NÓS IMEACHTA – COISTE AR IARRADH TUAIRIM AIR

| | |
|---|---|
| **Teideal** | Rialacha comhchuibhithe maidir leis an Intleacht Shaorga (Gníomh um an Intleacht Shaorga) agus lena leasaítear Gníomhartha áirithe Reachtacha de chuid an Aontais |
| **Tagairtí** | COM(2021)0206 – C9-0146/2021 – 2021/0106(COD) |
| **Coistí freagracha**<br>Dáta a fógraíodh sa suí iomlánach | IMCO LIBE<br>7.6.2021 7.6.2021 |
| **Tuairim ó**<br>Dáta a fógraíodh sa suí iomlánach | CULT<br>7.6.2021 |
| **Coistí comhlachaithe – dáta a fógraíodh sa suí iomlánach** | 16.12.2021 |
| **Rapóirtéir don tuairim**<br>Dáta an cheapacháin | Marcel Kolaja<br>13.7.2021 |
| **Riail 55 – Nós imeachta coiste comhlachaithe**<br>Dáta a fógraíodh sa suí iomlánach | 16.12.2021 |
| **Pléite sa choiste** | 15.3.2022 |
| **Dáta an ghlactha** | 15.6.2022 |
| **Toradh na vótála críochnaithí** | +: 24<br>–: 0<br>0: 0 |
| **Feisirí a bhí i láthair ag an vótáil chríochnaitheach** | Asim Ademov, Ilana Cicurel, Tomasz Frankowski, Romeo Franz, Catherine Griset, Sylvie Guillaume, Hannes Heide, Petra Kammerevert, Niyazi Kizilyürek, Predrag Fred Matić, Dace Melbārde, Peter Pollák, Diana Riba i Giner, Andrey Slabakov, Massimiliano Smeriglio, Michaela Šojdrová, Sabine Verheyen, Theodoros Zagorakis, Milan Zver |
| **Comhaltaí ionaid a bhí i láthair ag an vótáil chríochnaitheach** | Loucas Fourlas, Ibán García Del Blanco, Marcel Kolaja, Domènec Ruiz Devesa |
| **Comhaltaí ionaid faoi Riail 209(7) a bhí i láthair ag an vótáil chríochnaitheach** | Karen Melchior |

## VÓTÁIL CHRÍOCHNAITHEACH LE GLAO ROLLA SA CHOISTE AR IARRADH TUAIRIM AIR

| 24 | + |
|---|---|
| ECR | Dace Melbārde, Andrey Slabakov |
| ID | Catherine Griset |
| PPE | Asim Ademov, Loucas Fourlas, Tomasz Frankowski, Peter Pollák, Michaela Šojdrová, Sabine Verheyen, Theodoros Zagorakis, Milan Zver |
| RENEW | Ilana Cicurel, Karen Melchior |
| S&D | Ibán García Del Blanco, Sylvie Guillaume, Hannes Heide, Petra Kammerevert, Predrag Fred Matić, Domènec Ruiz Devesa, Massimiliano Smeriglio |
| THE LEFT | Niyazi Kizilyürek |
| VERTS/ALE | Romeo Franz, Marcel Kolaja, Diana Riba i Giner |

| 0 | - |
|---|---|
| | |

| 0 | 0 |
|---|---|
| | |

Eochair:
+ : i bhfabhar
- : i gcoinne
0 : staonadh